



Plean Teanga

## Limistéar Pleanála Teanga Árainn Mhór



*Márta 2018*





# Plean Teanga

## Limistéar Pleanála Teanga Árainn Mhór

*Language Plan for the  
Language Planning Area of Árainn Mhór*

*Please note: An English-language summary can be found in Agusín III.*

Curtha i gceann a chéile ag Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh agus ag Hannah Ní Dhoimhín do Choiste  
Stiúrtha Pleanála Teanga Árainn Mhór



## Clár na nÁbhar

Fís an Choiste Stiúrtha .....	iii
Focal Buíochais.....	iv
1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga .....	1
1.1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 .....	1
1.2. Acht na Gaeltachta, 2012 .....	1
1.3. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 .....	1
2. Sonraí na Ceanneagraíochta.....	2
2.1. An Cheanneagraíocht .....	2
2.2. An Coiste Stiúrtha .....	2
3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga.....	4
3.1. Topagrafaíocht.....	4
3.2. Rochtain .....	4
3.3. Lonnaíocht .....	4
3.4. Bonneagar .....	5
3.5. Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta.....	5
3.6. Daonra .....	5
3.7. Staid na Gaeilge sa Limistéar: Cumas sa Ghaeilge agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge .....	6
3.8. Tacaíochtaí.....	7
4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga.....	11
4.1. Ardú Feasachta agus Scaipeadh Eolais.....	11
4.2. An Taighde .....	14
4.3. Táital.....	15
5. Torthaí an Taighde.....	16
5.1. Spriocghrúpa 1: Daoine os cionn 18 mbliana d'aois.....	16
5.2. Spriocghrúpa 2: Daoine óga faoi 18 mbliana d'aois sa chóras oideachais .....	20
6. Bearta an Phlean Teanga.....	27
6.1. Réamhrá.....	27
6.2. Réimsí na mBeart sa Phlean Teanga .....	27
6.3. Feidhmiú an Phlean Teanga .....	29
6.4. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....	32
6.5. Seirbhísí Curaim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga.....	36
6.6. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile.....	40
6.7. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais.....	44

6.8. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn.....	45
6.9. Na Meáin Chumarsáide .....	49
6.10. Seirbhísí Poiblí.....	50
6.11. Pleanál agus Forbairt Fhisiceach .....	51
6.12. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire .....	52
6.13. Saolré na mBeart .....	53
7. Costais agus Maoiniú.....	55
7.1. Costais.....	55
7.2. Maoiniú.....	55
7.3. Eolas breise faoi Chostas na mBeart .....	55
8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht.....	59
8.1. Feasacht Teanga .....	59
8.2. Poiblíocht.....	59
9. Feidhmiú agus Monatóireacht.....	60
9.1. Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga .....	60
9.2. Monatóireacht .....	61
Foinsí .....	62
Aguisín I.....	64
Aguisín II .....	68
Aguisín III .....	82
Aguisín IV .....	89
Aguisín V .....	99
Aguisín VI.....	105

## Fís an Choiste Stiúrtha

Ba mhaith le Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Árainn Mhór, i gcomhpháirtíocht leis an phobal agus le heagraíochtaí uile an Limistéir Pleanála Teanga, go mbeidh mar thoradh ar cur i bhfeidhm an phlean teanga don LPT ardú de 10.0% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa limistéar ag deireadh na seacht mbliana.

De réir Dhaonáireamh 2016, ba chainteoirí laethúla Gaeilge iad 47.2% de dhaonra an limistéir. Tá súil ag an choiste, mar sin, go n-ardófar an céatadán sin go dtí 57.2% mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga.

Is iad na figiúirí Daonáirimh a úsáidfear mar shlat tomhais, agus ag teacht leis an fhís seo tá súil ag an choiste go mbeidh ardú suntasach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge le feiceáil i dtorthaí an chéad Daonáirimh eile<sup>1</sup> a thabharfaidh le fios go mbeidh an dul chun cinn cuí déanta i dtaca le baint amach na físe seo faoi dheiridh na seacht mbliana de chur i bhfeidhm an phlean teanga.

---

<sup>1</sup> Táthar ag súil go ndéanfar an chéad Daonáireamh eile a reáchtáil sa bhliain 2021 agus go mbeidh fáil ar thorthaí an Daonáirimh sin in 2022.

## Focal Buíochais

Ba mhaith liom mar Chathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Árainn Mhór buíochas a chur in iúl do gach duine a bhí páirteach sa tionscnamh pleanála seo chun plean teanga a réiteach do Limistéar Pleanála Teanga Árainn Mhór.

Ba mhaith liom, thar ceann an choiste, buíochas a ghlaicadh leo seo uilig a leanas as a gcuid tacaíochta le linn an phróisis:

- Don phobal i gcoitinne a rinne freastal ar na ceardlanna agus ar na cruinnithe eolais agus as ucht an t-aiseolas uilig a cuireadh ar fáil;
- Do Mhícheál Curtin a d'eagraigh na ceardlanna pleanála teanga agus as áisitheoirreacht a dhéanamh orthu;
- Do gach duine a ghlac páirt sa suirbhé pobail chun staid reatha agus mianta i leith na Gaeilge sa limistéar a mheas;
- Do na timirí a bhí i mbun na suirbhéireachta sa phobal;
- Do Hannah Ní Dhoimhín, Comhairleoir Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta, as a cuid comhairle agus as an tacaíocht uilig a cuireadh ar fáil chun plean teanga an limistéir a chur i gceann a chéile;
- Do na baill ar an choiste stiúrtha pleanála teanga as an phróiseas seo a stiúradh;
- Do Chomharchumann Oileán Árainn Mhór Teo a bhí ag feidhmiú mar cheanneagraíocht i Limistéar Pleanála Teanga Árainn Mhór;
- D'Údarás na Gaeltachta as an tacaíocht a cuireadh ar fáil chun plean teanga an limistéir a thabhairt chun críche.

Is mise, le meas,

Marian Uí Chuinn  
*Cathaoirleach*

## 1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

### 1.1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tugadh faoin *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT) le linn na mblianta 2004 agus 2006, mar thoradh ar mholadh Choimisiún na Gaeltachta 2002 chun léargas cuimsitheach a chur ar fáil don Stát i dtaca le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Foilsíodh an SCT sa bhliain 2007 (Ó Giollagáin et al., 2007: 3).

Léiríodh, i bhfianaise an staidéir, go raibh athrú tagtha ar chomhdhéanamh phobal na Gaeltachta agus go raibh an patrún aistrithe teanga sa Ghaeltacht ag aistriú ón Ghaeilge go Béarla (ibid, 11).

Sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an Rialtas an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (an Straitéis). Leagadh amach sa Straitéis aidhm pholasáí an Rialtais chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus an cur chuige chun dul i ngleic leis an ghéarchéim a bhí ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge sa phobal agus sa teaghach (ibid).

### 1.2. Acht na Gaeltachta, 2012

Ar an 25 Iúil 2012, shínigh an tUachtaráin Mícheál D. Ó hUiginn *Acht na Gaeltachta, 2012*. Achtaíodh *Acht na Gaeltachta, 2012* chun leasuithe a chur i bhfeidhm i dtaca le sainmhíniú úr don Ghaeltacht, struchtúr agus feidhmeanna Údarás na Gaeltachta agus cur i bhfeidhm na Straitéise.

Aithnítear san Acht forsta 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) agus cuireann an tAcht bonn reachtúil faoin phróiseas pleanála teanga sna LPTanna sin, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012: 11-7).

### 1.3. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

I ndiaidh próiseas fada comhairliúcháin, seoladh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* i mí Dheireadh Fómhair 2016. Is forbairt shuntasach a bhí anseo ó thaobh na pleanála teanga de in Éirinn siocair go bhfuil idirdhealú oifigiúil á dhéanamh idir riachtanais an chainteora T1 Gaeilge agus riachtanais an chainteora T2 Gaeilge den chéad uair sa chóras oideachais in Éirinn. Faoin pholasáí seo, beidh ar na bunscoileanna agus ar na hiarbhuanscoileanna atá lonnaithe taobh istigh de theorainn oifigiúil na Gaeltachta cur isteach ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta, aitheantas a bheidh bunaithe ar chritéir faoi leith a bhaineann le cúrsaí teanga sna scoileanna. Beidh impleachtaí aige seo don phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus tá sé tábhachtach go mbeidh comhtháthú idir an plean teanga seo agus an polasaí nua seo agus go gcuirfear gach tacáiocht ar fáil, tríd an phlean teanga, do na scoileanna agus iad ag iarraidh aitheantas mar scoileanna Gaeltachta a bhaint amach.

## 2. Sonrai na Ceanneagraíochta

### 2.1. An Cheanneagraíocht

Ceapadh Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo mar cheanneagraíocht i LPT Árainn Mhór i mí na Bealtaine 2015. Ina dhiaidh sin, bhunaigh an comharchumann Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Árainn Mhór (CSPTAM), a dhéanfadh an próiseas pleanála teanga a stiúradh agus plean teanga don limistéar a chur i gceann a chéile.

### 2.2. An Coiste Stiúrtha

Bhí seisear ball ar CSPTAM nuair a bunaíodh é: Marian Uí Chuinn, Sharon Uí Dhónaill, Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh, Louise Uí Bhaoill, Sally Uí Bhraidaidh agus Elaine Uí Ghallachóir. De réir mar a chuaigh an próiseas ar aghaidh, áfach, ghlac níos mó ball páirt sa choiste. Anois tá an coiste comhdhéanta de 13 bhall a dhéanann ionadaíocht ar an choiste ar son an phobail agus ar son eagraíochtaí áitiúla ar an oileán.

Is í **Marian Uí Chuinn** cathaoirleach an choiste. Is iar-phríomhoide bunscoile í. Tá na blianta caite ag Marian ag teagasc sa Ghaeltacht agus tá suim faoi leith aici sa phleanáil teanga agus sa chultúr Gaelach.

Is í **Sharon Uí Dhónaill** leas-chathaoirleach an choiste. Tá sí fostaithe mar stiúrthóir ar Naíonra Árainn Mhór agus tá cúramaí rúnaíochta sé bliana uirthi le Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo. Tá suim faoi leith aici sa Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach.

Is í **Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh** rúnaí an choiste. Tá Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga aici ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. Tá sí ag feidhmiú mar bhainisteoir ar Chomharchumann Oileán Árainn Mhór Teo.

Is úinéir gnó áitiúil í **Louise Uí Bhaoill** agus tá na blianta caite aici ag gníomhú ar choistí pobail deonacha áitiúla. Mar bhall den choiste, déanann sí ionadaíocht ar lucht gnó an oileáin.

Feidhmíonn **Sally Uí Bhraidaidh** mar chisteoir ar CSPTAM. Tá sí fostaithe mar rúnaí in Ionad an Chrois Bhealaigh agus oibríonn sí go deonach ar go leor coistí deonacha áitiúla.

Feidhmíonn **Elaine Uí Ghallachóir** mar chisteoir ar CSPTAM. Tá sí gníomhach ar choistí deonacha áitiúla agus tá suim faoi leith aici sa chultúr Gaelach agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Mar bhall den choiste, déanann sí ionadaíocht ar an Choláiste Samhraídh.

Feidhmíonn **Máire Bn. Uí Dhochartaigh** mar phríomhoide ar Ghairmscoil Mhic Diarmada. Is gníomhaire teanga í Máire a fheidhmíonn go diograiseach ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa Ghairmscoil agus sa phobal. Mar bhall de CSPTAM, déanann Máire ionadaíocht ar Ghairmscoil Mhic Diarmada.

Is tuismitheoir í **Anne-Marie Mhic Ruairí** atá ag tógáil paistí óga le Gaeilge. Tá sí ina ball de bhord bainistíochta scoil Athphoirt agus mar bhall den choiste, déanann sí ionadaíocht ar thuismitheoirí bhunscoil Athphoirt.

Tá **Daniella Uí Fearraigh** fostaithe mar chuntóir teanga sna bunscoileanna agus tá sí gníomhach ar choistí deonacha áitiúla. Déanann sí ionadaíocht ar choiste bhuíon cheoil an oileáin.

Déanann **Niall Ó Caomhánach** ionadaíocht ar Choiste na nIascairí. Tá na blianta caite ag Niall i mbun na hiascaireachta agus tá sé gníomhach ar choistí deonacha áitiúla eile fostá.

Is eagraí féilte agus imeachtaí sóisialta é **Tomás Ó Coisdealbha** agus tá sé fostaithe ag Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo. Déanann Tomás ionadaíocht ar lucht eagraithe féilte.

Déanann **Donnchadh Ó Domhnaill** ionadaíocht ar Choiste Ionad an Chrois Bhealaigh. Eagraíonn Donnchadh morán imeachtaí spóirt ar mhaithe le maoiniú a chur ar fáil do charthanachtaí.

Tá an tAthair Liam Ó Baoill ag déanamh freastal ar phobal an LPT le trí bliana agus déanann sé ionadaíocht ar an Eaglais. Tá dian-iarrachtaí déanta aige chun úsaid na Gaeilge a mheadú in imeachtaí eaglasta sa LPT. Tá an tAthair Ó Baoill ina bhall do boird bainistíochta na mbunscoileanna.

### 3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

#### 3.1. Topagrafaíocht

Tá Árainn Mhór suite cúig chiliméadar amach ó chósta thiar thuaidh Dhún na nGall agus is cuid de Thoghcheantar na nGleannach é. Clúdaíonn an t-oileán achar de 18.1km cearnach agus tá 28km de chósta aige. Is é Árainn Mhór an t-oileán is mó i nDún na nGall de réir daonra agus de réir achar (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014a).

#### 3.2. Rochtain

Maireann an turas báid isteach go dtí an t-oileán 20 nóiméad. Tá seirbhísí farantóireachta laethúla á soláthar ag dhá chomhlacht farantóireachta ró-ró, ó Ailt an Chorráin go dtí an t-oileán, ar feadh iomlán na bliana. Tá seirbhís amháin fóirdheonaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus is comhlacht príobháideach a reáchtállann an tseirbhís eile.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos an mheán-uimhir seoltaí fillte de réir míosa (seoltaí an dá chomhlacht san áireamh):

Mí	Turais fillte Luan-Sath.	Turais fillte Dé Domhnaigh	Mí	Turais fillte Luan-Sath.	Turais fillte Dé Domhnaigh
Eanáir	12	9	Iúil	16	14
Feabhra	12	9	Lúnasa	16	14
Márta	12	9	M. Fómhair	13	10
Aibreán	13	10	D. Fómhair	12	9
Bealtaine	14	11	Samhain	13	9
Meitheamh	15	14	Nollaig	13	9

Tábla 3.1: Seoltaí Fillte de réir Míosa

#### 3.3. Lonnaíocht

Mar atá le feiceáil san fhigiúr thíos, tá cónaí ar thromlach an phobail ar chóstaí thoir agus theas an oileáin. Is talamh coimín atá sa chuid eile de thailte an oileáin:



Figiúr 3.1: Árainn Mhór ón Aer (Google Maps, 2017)

Tá aon cheann déag de bhailte fearainn ar an oileán (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 2017):

- An Leadhb Gharbh
- An Uillinn
- Athphort
- Baile an tSratha
- Fál an Ghabhann
- Leadhb Reannach
- Na Clocha Corra
- Na Goirt Ghearra
- Na Tuartha
- Plochóg
- Poll an Mhadaidh

Tá aitheantas tugtha go háitiúil do dhá bhaile fearainn eile ar a dtugtar Baile Ard agus Scraig an tSeabhaic, ach níl ceachtar acu luaite ar léarscáil na logainmneacha de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann.

### 3.4. Bonneagar

Tá cuarbhóthar timpeall an oileáin ach de bharr nach bhfuil iomlán an bhealaigh faoi chúram na Comhairle Contae, ní dhéantar obair chothabhála air ar bhunús rialta. Tá caighdeán na mbóithre contae ag feabhsú de réir a chéile agus tá tromlach na mbóithre contae faoi dhromchla tarmac ardchaighdeánach. Déantar iarracht achar faoi leith dromchla tarmac a leagan síos gach bliain. Tá áit tuirlingthe héileacaptair ar fáil ar an taobh thiar chun daoine a iompar ón oileán i gcásanna éigeandála. Tá tailte cois cladaigh faoi chosaint ballaí cosanta farraige agus cuireadh le ballaí cosanta farraige na dtráonna le blianta anuas.

### 3.5. Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta

Rinneadh limistéar faoi chaomhnú speisialta d'aillte fásmhara an oileáin ar chóstaí an oirthuaiscirt, an tuaiscirt agus an deiscirt de bharr na tábhachta a bhaineann le speicis na bplandaí atá ag fás sa cheantar (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2016; Comhairle Contae Dhún na nGall, 2017). Tá an speiceas planda Saxifraga rosacea hartii, atá luaite ar liosta na bplandaí atá i mbaol (Curtis agus McGough, 1998) agus nach bhfuil iomrá air áit ar bith eile in Éirinn ag fás ar aillte an oileáin.

### 3.6. Daonra

De réir Dhaonáireamh 2016, tá cónaí ar 2,739 duine ar oileáin na hÉireann. Tá Árainn Mhór ar an dara hoileán Gaeltachta is mó daonra sa tír le 469 duine, nó 17.1% d'oileánaigh na hÉireann, ina gcónaí air (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2017).

Léiríonn figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh le fiche bliain anuas go bhfuil, de réir a chéile, laghdú ag teacht ar dhaonra Árainn Mhór (2014a; 2014b; 2017c):


Bliain	Fir	Mná	Iomlán	Laghdú	
1996	311	291	602	-	-
2002	285	258	543	59	9.8%
2006	275	247	522	21	3.9%
2011	261	253	514	8	1.5%
2016	238	231	469	45	8.8%

Tábla 3.2: Daonra Árainn Mhór 1996-2016

De réir staitisticí an tábla thuas, tá laghdú 22.1% (133 duine) tagtha ar dhaonra Árainn Mhór thar thréimhse fiche bliain, 1996 – 2016.

### 3.6.1. Próifil Aoise

Mar atá léirithe san fhigiúr thíos, tá líon na ndaoine sna haoisghrúpaí is sine níos airde ná líon na ndaoine sna haoisghrúpaí is óige:



Figiúr 3.2: Próifil Aoise (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017)

Cé go dtig a rá gur daoine óga (0-24 bliain d'aois) iad an ceathrú cuid de dhaonra an oileáin (123 duine 26.2%), tá an tríú cuid den daonra 65 bliain d'aois nó níos sine (152 duine nó 32.9%). Chomh maith leis sin, tá níos lú ná 10.0% de na hoileánaigh (38 duine nó 8.1%) san aoisghrúpa lena mbainfeadh go leor tuismitheoirí óga a bheadh ag tógáil clainne<sup>2</sup>, rud a chruthaíonn imní faoi thodhchaí phobal an oileáin.

### 3.6.2. Aosú an Phobail

Cé nach patrún seanbhunaithe é, léiríonn na staitisticí Daonáirimh le cúig bliana anuas go bhfuil daonra an oileáin ag dul in aois, le titim ag teacht ar líon na ndaoine óga 15 bliana d'aois nó níos óige agus ardú ar líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois nó níos sine (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014c; 2017c):

Daonáireamh	Daoine ≤15 bl. d'aois mar chéatadán den daonra iomlán	Daoine ≥65 bl. d'aois mar chéatadán den daonra iomlán
2011	21.0% 108/514	28.0% 144/514
2016	16.4% 77/469	32.4% 152/469
Athrú Céataidánach	-21.9%	+15.7%

Tábla 3.3: Aosú an Phobail

## 3.7. Staid na Gaeilge sa Limistéar: Cumas sa Ghaeilge agus Cainteoiri Laethúla Gaeilge

Léiríonn na staitisticí Daonáirimh le 15 bliana anuas go bhfuil laghdú ag teacht ar líon agus ar chéatadán na n-oileánach le cumas sa Ghaeilge (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014c; 2017a; 2017c; 2017d):

<sup>2</sup> De réir Dhaonáireamh 2016, is í 32.7 bliain an mheánaois do mháithreacha le páiste a thabhairt ar an saol (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017b). Bunaithe air sin, glactar leis gur san aoisghrúpa sin agus sna haoisghrúpaí roimhe agus ina dhiaidh (i. 25-29, 30-34 agus 35-39) is mó a bhíonn páistí ag tuismitheoirí.

Bliain	Daonra ( $\geq 3$ bl.)	Línón daoine ( $\geq 3$ bl.) le cumas sa Ghaeilge	Céadadán
2002	529	467	88.3%
2006	515	457	88.7%
2011	503	435	86.5%
2016	464	400	86.2%

Tábla 3.4: Cumás sa Ghaeilge

Mar sin féin, feictear gur tháinig ardú ar chéadadán na cainteoirí laethúla Gaeilge<sup>3</sup> ar an oiléan le deich mbliana anuas:

Bliain	Daonra ( $\geq 3$ bl.)	Línón CLG <sup>4</sup> ( $\geq 3$ bl.)	CLG mar chéadadán den daonra iomlán ( $\geq 3$ bl.)	CLG mar chéadadán den daonra ( $\geq 3$ bl.) le cumas sa Ghaeilge
2006	515	215	41.7%	47.0%
2011	503	234	46.5%	53.8%
2016	464	219	47.2%	54.8%

Tábla 3.5: Cainteoirí Laethúla Gaeilge

Ar ndóigh, ó thaobh chaighdeán agus mhiniúcháid úsáide na Gaeilge de, is cinnte go mbíonn na freagraí ag bráth go mór ar fhéinmheasúnú agus ar an chiall a bhainfeadh na freagróirí as ceist faoi leith.

## 3.8. Tacaíochtaí

### 3.8.1. Údarás na Gaeltachta

Tá réimse tacaíochtaí agus seirbhísí curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta ar an oiléan trí na scéimeanna atá faoi chúram aige.

### 3.8.2. Eagrais agus Coistí Forbartha Áitiúla

Cuireann Údarás na Gaeltachta deontas reáchtala agus seirbhísí tacaíochta ar fáil do Chomharchumann Oileán Árainn Mhór Teo. Cuidíonn an deontas ráithiúil leis an chomharchumann le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm tionscnamh forbartha pobail agus tionscnamh infreastuctúr. I measc na n-aiseanna atá a bhainistiú ag Comharchumann Árainn Mhór, tá an Baile Saoire, an Chultúrlann, áiseanna spóirt, stór tradála & oifigí an Chomharchumainn. Tá Ionad Seirbhísí Teanga lonnaithe sa Chultúrlann ina gcuirtear ranganna Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ar fáil le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.

Cuireann Ionad an Chrois Bhealaigh, (Comharchumann Forbartha & Fostaíochta) atá maoinithe faoin Chlár Seirbhísí Pobail, réimse leathan do sheirbhísí shóisialta ar fáil d'aoisghrúpaí éagsúla, mar shampla, béisí ar rothaí, imeachtaí don óige, ranganna agus cúrsaí oiliúna do dhaoine fásta. I measc na n-aiseanna atá a bhainistiú ag Ionad an Chrois Bhealaigh, tá seid an oiléain (bothán na bhfear), ionad acláíochta, oifig an ionaid & cumann na mbád agus rothair ar cíos.

Tá gréasán gníomhach de ghrúpaí deonacha a dhéanann freastal ar ghrúpaí comhleasa, lena n-airítear seanóirí, (Coiste an Ionad Lae) cumann spóirt an oiléain, (Cumann Peil Árainn Mhór Aontaithe) an bád tarrthála, an bhúfón cheoil, na hiascairí, an Eaglais agus feirmeoirí.

<sup>3</sup> Áirítear sna figiúirí seo líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais.

<sup>4</sup> Cainteoirí Laethúla Gaeilge

Bhí Club Óige bunaithe ar an oileán faoi scáth Óige na Gaeltachta ar feadh dhá bhliain 2006/07 ach diaidh ar ndiaidh tháinig laghdú ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/ceannairí go dtí nach raibh sé ar chumas an chlub imeachtaí a reáchtáil níos mó gan a ndóthain ceannairí.

### 3.8.3. Féilte

Bunaíodh féile bhliantúil sacair ‘Cúigear an taobh’ ar an oileán os cionn 15 bliana ó shin. Tagann foireann sacair ón Albain, ó Shasana agus ó áiteanna in Éirinn chun freastal a dhéanamh ar na comórtais ag túis mhí Meithimh gach bliain.

Bunaíodh an fhéile Swell, féile cheoil agus ealaíne, sa bhliain 2012. Tá an fhéile á reáchtáil ar feadh deireadh seachtaine amháin sa bhliain le trí bliana anuas agus táthar ag cur le himeachtaí cultúrtha na féile bliain i ndiaidh bliana.

Bunaíodh Féile Ceoil Tíre ar an oileán sa bhliain 2012. Bíonn an fhéile á reáchtáil ar feadh deireadh seachtaine ag deireadh shéasúr an tsamhraidh gach bliain chun síneadh a chur le séasúr na turasóireachta ar an oileán.

Bunaíodh féile deireadh seachtaine Oileánaigh Pheadair Uí Dhomhnaill sa bhliain 2016. Cuirtear síneadh ama le séasúr na turasóireachta mar go mbíonn an fhéile á reáchtáil go dátheangach san Fhómhair agus í thírithe ar oidhreacht agus ar chultúr phobal na n-oileán.

### 3.8.4. An Córas Oideachais

Tá seirbhís luathoideachais á cur ar fáil trí Ghaeilge ag Naónra Árainn Mhór, atá faoi scáth Chomhar Naónraí na Gaeltachta. Tá an naónra lonnaithe in iar-ionad ceardaíochta atá curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta.

Tá Scéim na gCúntóirí Teanga á reáchtáil sa dá bhunscoil ar an oileán ó bhí 2005 ann. Bíonn daltaí Scoil Athphoirt páirteach i gcomórtas Réalt Uladh ar bhunús rialta agus éiríonn go maith leo sa chomórtas gach bliain.

#### 3.8.4.1. Bunscoileanna

Tá dhá bhunscoil ar an oileán: Scoil Náisiúnta 1, An Leadhb Garbh agus Scoil Náisiúnta 2 in Athphort. Le linn na scoilbhliana 2016/2016 bhí 17 ndalta ag freastal ar Scoil na Leidhbe agus bhí 16 dhalta ag freastal ar Scoil Athphoirt.

#### An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Rinne foirne bainistíochta na mbunscoileanna iarratais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta.

Ar an 20 Deireadh Fómhair 2017, tionóladh cruinnithe sa dá bhunscoil sa LPT le Caitríona Nic Grianna, cigire ón Roinn Oideachais agus Scileanna. I láthair ag na cruinnithe bhí múinteoirí na mbunscoileanna, ionadaithe ó bhoird bainistíochta na scoileanna agus ionadaithe ó CSPTAM. Le linn na gcruiinnithe, rinne cigire na Roinne na ‘Critéir theanga-bhunaithe d’aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta’ a chur i láthair agus cuireadh comhairle, moltaí agus treoir ar fáil i dtaca leis an chur chuige is féidir a leanúint chun pleán don scéim aitheantais mar bhunscoil Ghaeltachta agus don scéim feabhsúcháin scoile a fhorbairt.

Léirigh na hionadaithe uilig ag na cruinnithe go raibh siad imníoch faoin dúshlán a bhainfeadh le hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge nuair nach bhfuil líofacht sa Ghaeilge ag iomlán na ndaltaí sna bunscoileanna. Pléadh na féidearthachtaí agus an cur chuige is féidir a chur i bhfeidhm chun

riachtanais na scéime a chomhlíonadh, chomh maith leis na tacaíochtaí a bheadh ar fáil do na scoileanna chun deacrachartaí dá leithéid a sheachaint. Bheartaigh foirne bainistíochta na scoileanna go leanfaidís ar aghaidh go réidh, trí phróiseas tomhaiste céimiúil a chur i bhfeidhm chun bearta teanga a bhaint amach.

### 3.8.4.2. Gairmscoil Mhic Diarmada

Osclaíodh meánscoil an oiléán, Gairmscoil Mhic Diarmada, sa bhliain 1990. Bunaíodh sruth Gaelach sa scoil sa bhliain 2008 mar thoradh ar iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ó thuismitheoirí a raibh oideachas trí Ghaeilge ag teastáil uathu dá gcuid paistí. De réir staitisticí na Gairmscoile don scoilbhliain 2017/18, tá oideachas trí mheán na Gaeilge á sholáthar do 18.0% de dhaltaí na scoile. Fágann sin go bhfuil oideachas trí mheán an Bhéarla á soláthar do 82.0% de dhaltaí na scoile. Le linn na bliana 2017, bhí 104 dalta ag freastal ar an Gairmscoil agus bhí 20 dalta (19.2%) sa sruth Gaelach.

#### *Cumann Gaelach Ghairmscoil Mhic Diarmada<sup>5</sup>*

Cuireadh an Cumann Gaelach ar bun i nGairmscoil Mhic Diarmada in 2011 le deis a thabhairt do na scoláirí a gcuid Gaeilge a úsáid i dtimpeallacht nádúrtha taobh amuigh den seomra ranga. Tá go leor rudaí déanta acu thar na blianta. Ina measc siúd bhain siad trí dhuais náisiúnta i gComórtas Clár Raidió Gael Linn (2011, 2012, 2014) agus Duais Chúige Ulladh i gComórtas G! as an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil agus i measc an phobail. Ghlac siad páirt ar son Ghaeltacht Thír Chonaill sa chlár teilifíse agus Youtube Lá Dár Saol le Macha Media in 2014 agus 2015. Tá taithí acu mar sin ar theicneolaíocht a úsáid leis an Ghaeilge agus cultúr agus oidhreacht na nGael a chur chun cinn.

Tá siad faoi láthair ag díriú ar an scéim Gaelbhratach. Bronnadh an Ghaelbhratach orthu anuraidh den chéad uair agus tá siadanois sa dara bliain den scéim. Is dream spreagtha tiomanta iad agus iad iontach bródúil as an oidhreacht agus an teanga atá acu.

Bíonn an Cumann iontach gnóthach i rith na bliana, go háirithe le linn Sheachtain na Gaeilge. De ghnáth déanann siad malartú scoile le linn na seachtaine sin agus tagann meánscoil eile ar cuairt chuig an oiléán. Tháinig daltaí ón Chlochar i mBaile na nGallóglach cúpla uair agus ó Choláiste Ailigh, Leitir Ceanainn. Le linn na scoilbhliana 2017/2018 tiocfaidh daltaí ó Choláiste Chineál Eoghain le dhá lá agus oíche a chaitheamh ar an oiléán ag cur aithne ar dhéagóirí Árainn Mhóir. Tá nasc cruthaithe ag an scoil chomh maith le Meánscoil Íle na hAlban.

Eagraíonn an Cumann Gaelach ócайдí don phobal chomh maith, mar shampla bíonn ‘Maidin Caife’ acu uair sa bhliain ar a laghad le deis a thabhairt do na daltaí bualadh le cainteoirí Gaeilge eile sa phobal. Thug siad cuireadh i mbliana fosta do pháistí na bunscoile ar an oiléán lón a chaitheamh leo le linn ‘Gaeilge 24’ le deis a thabhairt dóibh Gaeilge a labhairt leo. Beidh na páistí céanna ag teacht ar ais fá choinne cluichí clós as Gaeilge a imirt sa Gairmscoil le linn Sheachtain na Gaeilge.

Cuireann an Cumann Gaelach an Ghaeilge chun cinn sa Gairmscoil trí imeachtaí ar nós ‘Tóraíocht Taisce’ agus ‘Tráth na gCeist’ a reáchtáil dá gcuid comhscoláirí chomh maith.

<sup>5</sup> Tuairisc curtha ar fáil ag Máire Ní Chathmhaoil, Múinteoir Gaeilge, Gairmscoil Mhic Diarmada.

### An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Rinne foireann bainistíochta Ghairmscoil Mhic Diarmada iarratas chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Thug Oilibhéar de Búrca, Cigire ón Roinn Oideachais agus Scileanna, cuairt ar Ghairmscoil Mhic Diarmada ar an 21 Meán Fómhair 2017 chun iarratas na Gairmscoile i dtaca le haitheantas Gaeltacha don Ghairmscoil a phlé. I láthair ag an chruinniú bhí ionadaithe ó foireann oibre na meánscoile, ó bhord bainistíochta na meánscoile agus ó CSPTAM. Tar éis plé fada, d'aontaigh na hionadaithe go ndéanfadh Gairmscoil Mhic Diarmada iarratas ar eisceacht, chun na Roinne Oideachais agus Scileanna, don sainmhíniú do Scoil Ghaeltachta, atá foilsithe sa pholasáí, ar mhaithle le soláthar oideachais tríd an dá theanga a aithint, cothrom le mianta na dtuismitheoirí.

#### 3.8.5. Coláiste Samhraidh Árainn Mhór

Tá Coláiste Samhraidh Árainn Mhór ar an fhód le beagnach leathchéad bliain. Gach samhradh, reáchtálann an coláiste dhá chúrsa Gaeilge a mhaireann trí seachtaine an ceann. Cuireann an coláiste go mór le bonneagar sóisialta agus eacnamaíochta an oiléain. Le linn shamhradh 2017, d'fhreastal 330 scoláire ar chúrsa 1, d'fhreastal 335 scoláire ar chúrsa 2 agus choinnigh 29 teaghlaigh scoláirí le linn séasúr an tsamhraidh.

#### 3.8.6. Bonneagar na Turasóireachta

Cuireann dhá chomhlacht farantóireachta seirbhísí farantóireachta ar fáil ó hÁilt an Chorraí go dtí an oiléain ar feadh iomlán na bliana ar bhonn laethúil.

Tá siúlóidí timpeall an oiléain ar a dtugtar 'Slí Árainn Mhór', atá mar chuid de Shlí na Rosann. Scaipeann Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo cóipeanna, saor in aisce, de léarscáil na siúlóide ar a bhfuil eolas faoin oiléán agus faoi eagraíochtaí áitiúla agus turasóireachta sa dóigh go mbeidh fáil ag cuairteoirí agus siúlóirí ar an léarscáil. Reáchtáiletar Ionad Eolais do Chuairteoirí sa Chultúrlann ar feadh shéasúr an tsamhraidh, chomh maith le siopa, caife agus ionad ceardaíochta.

Níl seirbhís tacsaí (carr) ar an oiléán, ach reáchtálann an tSeirbhís Iompar Tuaithe (SITT) seirbhís phobail le mionbhus amháin. Déanann an tseirbhís mionbhus freastal ar na scoileanna, ar an Ionad Lae, ar Oifig an Phoist, ar na báid farantóireachta, ar an Choláiste Samhraidh agus ar Theach an Phobail. Tá busanna ag an dhá chomhlacht farantóireachta a dhéanann freastal ar na scoileanna le linn na scoilbhliana agus ar chuairteoirí le linn shéasúr an tsamhraidh.

Tá réimse leathan lóistín oíche ar fáil ar an oiléán, idir óstáin, lóistín leaba agus bricfeasta, brú, tithe féin-fhrestail agus an baile saoire ar an oiléán chomh maith le sé theach tábhairne ina mbíonn seisiúin ceoil traidisiúnta le linn shéasúr an tsamhraidh.

I measc na n-imeachtaí mara ar féidir páirt a ghlacadh iontu le linn an tsamhraidh tá tumadóireacht, turais safari ar bhád, slat-iascaireacht mara, turais oidhreachta mara, seoltóireacht agus cadhcáil. Tá clós spraoi do pháistí faoi 12 bhliain d'aois agus cúirt leadóige in aice an bhaile saoire don phobal agus do chuairteoirí.

## 4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga

### 4.1. Ardú Feasachta agus Scaipeadh Eolais

#### 4.1.1. Feachtas Feasachta: Acht na Gaeltachta, 2012

D'aithin an comharchumann sa LPT go raibh sé riachtanach an pobal a choinneáil ar an eolas faoi *Acht na Gaeltachta, 2012* de bharr thionchar an Achta ar phobal na Gaeltachta. Aithníodh gur faoi phobal an cheantair a bheadh sé an cinneadh a ghlacadh faoi cé acu ar theastaigh uaidh a bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga. Chun an cinneadh sin a dhéanamh bhí sé riachtanach go mbeadh soiléireacht sa phobal faoi impleachtaí na n-athruithe a bheadh ag eascairt mar thoradh ar *Acht na Gaeltachta, 2012*.

Chuige sin, sheol an comharchumann litir eolais chuig gach líon tí sa cheantar ina raibh cur síos ar an Acht agus ar a bhfuil i gceist le Limistéir Pleanála Teanga. Chun suim an phobail a mheas, tugadh cuireadh do gach duine sa cheantar a bhí den tuairim gur chóir a bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga a shíniú a chur le cáipéis léirithe tacaíochta a bhí ar fáil sa chomharchumann. Léirigh 285 duine – nó 71.4% den daonra  $\geq 15$  bliana d'aois (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017c) – a gcuid tacaíochta don phleanáil teanga sa LPT. Bhí an comharchumann spreagtha chun feachtas eolais faoin phleanáil teanga a chur ar bun de bharr an líon ard freagróirí a léirigh a gcuid tacaíochta don phleanáil teanga.

#### 4.1.2. Feachtas Feasachta: Pleanáil Teanga

Eagraíodh cruinniú eolais faoin phleanáil teanga don phobal i mí na Samhna 2014 agus eisíodh litreacha chuig gach eagraíocht sa cheantar chun cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach sa phróiseas, trí dhuine nó beirt ón eagraíocht/bord a ainmniú chun freastal ar choiste stiúrtha/oibre pleanála teanga. Bunaíodh an coiste le hionadaíocht ó na heagraíochtaí a leanas: Bunscoileanna, Naónra, Meánscoil, Grúpaí Pobail/Eagraíochtaí Pobail/Coistí Áitiúla, Lucht Gnó, Eaglais, Coláiste Samhraidh/Mná Tí. Tionóladh an chéad chruinniú den choiste stiúrtha i mí Feabhra 2015.

#### 4.1.3. Fógaire an LPT agus Roghnú na Ceanneagraíochta

Fógraíodh LPT Árainn Mhór ar an 20 Feabhra 2015. Tar éis seisiúin eolais a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta ar an oiléán ag túis mhí an Mhárta (féach Aguisín I), sheol an comharchumann léiriú suime sa phleanáil teanga chuig Údarás na Gaeltachta. Glacadh le hiarratas an chomharchumainn chun a bheith ina cheanneagraíocht don LPT. Tháinig coiste stiúrtha réamhfhunaithe an LPT le chéile i mí na Samhna 2015.

#### 4.1.4. Scaipeadh Eolais

I mí Eanáir 2016, d'eisigh CSPTAM nuachtlitir dhátheangach chuig gach teaghlaigh sa LPT tríd an chóras poist (féach Aguisín II). Bhí achoimre inti ar phróiseas ceapacháin na ceanneagraíochta agus CSPTAM. Míníodh go raibh cur chuige na pleanála teanga fréamhaithe ag leibhéal an phobail agus go raibh ionchur agus rannpháirtíocht an phobail riachtanach sa phróiseas.

Baineadh úsáid as leathanach Facebook Phleanáil Teanga Árainn Mhór fostá chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairt ó thaobh an phlean de le linn an phróisis.



Figiúr 4.1: Leathanach Facebook Phleanáil Teanga Árainn Mhór (11/12/17)

#### 4.1.5. Comórtas Deartha Lógó

Le linn don tsuirbhéireacht ar dhaoine óga sa LPT a bheith ar siúl (rannóg 4.2.2.2), reáchtáil CSPTAM comórtas deartha lógó do lucht freastail na scoileanna ar an oiléan. Is í an aidhm a bhí taobh thiar den chomórtas ná suim na ndaltaí a spreagadh sa phróiseas pleanála teanga, go háirithe agus an tsuirbhéireacht ag dul ar aghaidh. Ag eascairt as an chomórtas bheadh lógó curtha ar fáil a mbeadh CSPTAM in ann úsáid a bhaint as ar shuíomh gréasáin agus ar stáiseanóireacht an choiste.




Figiúr 4.2: Roinnt larratas ar an Chomórtas Deartha Lógó

Chuir 58 dalta isteach ar an chomórtas. Roghnaíodh seisear don ghearrliosta agus bronnadh €50.00 an duine orthu.



Figiúr 4.3: An Gearriosta

Fógraíodh an buaiteoir ag ócáid bhronnta san Ionad Pobail le linn Sheachtain na Gaeilge 2017 agus bronnadh €150.00 ar an buaiteoir.



Figiúr 4.4: Lógó an Bhuaiteora

#### 4.1.6. Amlíne an Phróisis Chomhairliúcháin

Dáta	
14/03/14	Cur i láthair i nGairmscoil Mhic Diarmada do mhúinteoirí/chuairteoirí chun na scoile agus don Chumann Gaelach sa scoil
28/04/14	Cruinniú poiblí chun <i>Acht na Gaeltachta, 2012</i> a chur i láthair an phobail
08/05/14	Cruinniú poiblí chun <i>Acht na Gaeltachta, 2012</i> a chur i láthair an phobail
06/11/14	Cruinniú poiblí do thuismitheoirí chun <i>Acht na Gaeltachta, 2012</i> a chur ina láthair
11/14	Litir seolta chuig gach eagraíocht sa LPT ag lorg ainmniúcháin uathu d'ionadaithe do choiste stiúrtha pleanála teanga
02/15	Cruinniú d'ionadaithe a bhí ainmnithe chun freastal ar an choiste stiúrtha
03/03/15	Cur i láthair ar an phróiseas pleanála teanga eagraithe ag Údarás na Gaeltachta
17/11/15	Cruinniú coiste stiúrtha chun leagan amach plean teanga a phlé
25/08/16	Ceardlann eolais curtha i láthair ag Bríd Ní Chualáin (Údarás na Gaeltachta) i dtaca le torthaí na suirbhéireachta
08/11/16	Ceardlann pleanála teanga le Bríd Ní Chualáin agus Michael Curtin
09/11/16	Ceardlann pleanála teanga le Micheal Curtin
05/05/17	Ceardlann i nGairmscoil Mhic Diarmada le Michael Curtin

Tábla 4.1: Amlíne an Phróisis Chomhairliúcháin

## 4.2. An Taighde

Is céimeanna riachtanacha iad an taighde príomhúil agus anailís chun tuiscint shoiléir a fháil ar staid reatha na Gaeilge sa LPT. Mar thoradh ar an taighde, bheadh léargas agus tuiscint mhaith ar fáil a chuirfeadh ar chumas an choiste measúnú a dhéanamh ar chleachtas agus ar chomhthéacsanna úsáide na Gaeilge, ar dhearchthaí agus mianta i leith na teanga agus ar an chlaonadh teanga i measc glúin faoi leith sa phobal.

Chuige sin baineadh feidhm as an Cheistneoir Comóntha (Aguisín IV) do cheantar Gaeltachta Dhún na nGall a d'ullmhaigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar le ceanneagraíochtaí agus baill coistí pleánala teanga i nDún na nGall.

### 4.2.1. Ceapadh na dTimirí

Chinn CSPTAM dul i dteagmháil le Cumann Gaelach Ghairmscoil Mhic Diarmada chun léirithe suime a lorg ó bhaill den chumann a mbeadh suim acu dul i mbun na suirbhéireachta sa phobal. Rinne ionadaí ó CSPTAM teagmháil le foireann bainistíochta na Gairmscoile, agus cuireadh gach tacáocht ar fáil chun daltaí a aimsiú chun an suirbhé a dhéanamh. Tháinig ceathrar chun tosaigh agus ceapadh an ceathrar sin chun dul i mbun na suirbhéireachta. Tar éis d'Údarás na Gaeltachta an ceistneoir comóntha a chur ar fáil go leictreonach, d'eagraigh an tÚdarás i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaoth Dobhair, lá traenála do na timirí i dtaca le húsaid an chórais ceisteanna agus freagartha *SurveyMonkey*.

### 4.2.2. Spriocghráupaí

Socraíodh go mbeadh na ceistneoirí dírithe ar dhá spriocghráupa. Bheadh an ceistneoir comóntha dírithe ar dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois, agus bheadh an dara ceistneoir dírithe ar dhaoine óga faoi 18 mbliana sa chóras oideachais<sup>6</sup> sa LPT.

#### 4.2.2.1. Spriocghráupa 1: Daoine os cionn 18 mbliana d'aois (An Ceistneoir Comóntha)

Cinneadh gur chóir go mbeidh deis tugtha do gach duine os cionn 18 mbliana d'aois sa phobal an ceistneoir a lónadh. Cuireadh túis le suirbhéireacht ar an chéad ghrúpa ar an 13 Meitheamh 2016. Chuaigh an ceathrar timirí, ag obair ina ndá phéire, ó dhoras go doras ar feadh coicise chun na ceistneoirí a scaipeadh agus chun cuidiú a thabhairt do na freagróirí iad a lónadh. Tugadh deis do dhaoine an ceistneoir a lónadh ar líne ar chóras *SurveyMonkey* nuair a theastaigh uathu é sin a dhéanamh, ag brath ar cheangal sásúil idirlín a bheith ar fáil. Bhí an ceistneoir comóntha freagartha ag 184 duine faoin 27 Meitheamh 2016 agus d'fhreagair cúigear an ceistneoir idir 8 agus 22 Lúnasa.

Daonra ≥18 mbliana d'aois <sup>7</sup>	Líon freagróirí	Ráta freagartha
370	189	51.1%

Tábla 4.2: Ráta Freagartha ar an Cheistneoir Comóntha

#### 4.2.2.2. Spriocghráupa 2: Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois sa Chórás Oideachais

##### Gairmscoil Mhic Diarmada

Tar éis cead a fháil ó bhainistíocht na Gairmscoile, scaip na timirí an ceistneoir<sup>8</sup> ar dhaltaí na scoile le linn na seachtaine dar túis 9 Eanáir 2017. Bhí deis ag iomlán na ndaltaí faoi 18 mbliana

<sup>6</sup> Daltaí an dá bhunscoil agus na meánscoile amháin.

<sup>7</sup> An Phríomh-Oifig Stáitíomh, 2017c.

<sup>8</sup> Tá CSPTAM go mór faoi chomaoin ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt as cead a thabhairt feidhm a bhaint as leagan amach an cheistneora a dhearadh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar dhaoine

d'aois, a bhfuil cónaí buan orthu sa LPT<sup>9</sup>, ón chéad bhliain go dtí an séú bliain, páirt a ghlacadh sa suirbhé. D'fhreagair 38 dalta an ceistneoir ar pháipéar agus aistríodh an t-eolas a fuarthas anonn go dtí córas *SurveyMonkey*.

### *Na Scoileanna Náisiúnta*

Fuarthas cead ó bhainistíocht na mbunscoileanna litreacha eolais faoin suirbhé do dhaoine óga a scaipeadh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí tríd an chóras scoile. Scaipeadh na ceistneoirí ar iomlán na ndaltaí scoile sa tseachtain dar túis 23 Eanáir 2017 agus iarradh orthu iad a thabhairt ar ais chun na scoile níos moille sa tseachtain nuair a bheidís líonta acu. Aistríodh an t-eolas ó na ceistneoirí anonn go dtí córas SurveyMonkey de réir mar a tháinig siad isteach.

Ar an iomlán, bhí ráta ard freagartha ar cheistneoir na ndaoine óga:

Ainm na Scoile	Líon daltaí ≤18 mbliana d'aois <sup>10</sup>	Líon freagróirí	Ráta freagartha
Gairmscoil Mhic Diarmada	44 <sup>11</sup>	38	86.4%
Scoil Náisiúnta 1	17	12	70.6%
Scoil Náisiúnta 2	16	16	100.0%
Iomlán	77	66	85.7%

Tábla 4.3: Ráta Freagartha ar Cheistneoir na n Daoine Óga

### 4.3. Tá tal

De réir Dhaonáireamh 2016 (ibid.), tá cónaí ar 469 duine sa LPT. Ina iomláine, idir an dá spriocghrúpa, ghlac 255 duine, nó 54.4% de phobal an LPT, páirt sa tsuirbhéireacht.

---

óga i LPT Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir. Baineadh feidhm as leagan amach ginearálta an cheistneora agus athraíodh roinnt ceisteanna chun iad a chur in oiriúint do LPT Árainn Mhór (Aguisín V).

<sup>9</sup> Freastalaíonn daltaí a bhfuil cónaí buan orthu i LPT eile – ar an mhórthír – ar Ghairmscoil Mhic Diarmada. Ní raibh daltaí nach raibh cónaí orthu sa LPT páirteach sa suirbhé seo.

<sup>10</sup> Líon na ndaltaí ≤18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí buan orthu ar an oiléán don scoilbhliain 2016/2017, bunaithe ar staitisticí a chuir bainistíocht na scoileanna ar fáil.


<sup>11</sup> Tá naonúr eile ag freastal ar Ghairmscoil Mhic Diarmada atá níos sine ná 18 mbliana déag.

## 5. Torthaí an Taighde

### 5.1. Spriocghrúpa 1: Daoine os cionn 18 mbliana d'aois


#### 5.1.1. Lón Freagróirí, Inscne agus Aois

D'fhreagair 189 duine, nó 51.1% den daonra os cionn 18 mbliana d'aois, an ceistneoir comóntha. Is mná iad formhór na bhfreagróirí:



Fíghraf 5.1: Inscne na bhFreagróirí


Bhain an lín is airde freagróirí (57 duine nó 30.2%) leis an aoisgrúpa os cionn 67 bliain. Bhain an lín is ísele freagróirí leis na haoisgrúpaí 18-25 (14 duine nó 7.4%) agus 26-40 (24 duine nó 12.7%). Ó thaobh phróifil aoise na bhfreagróirí a bhí páirteach sa suirbhé, bhí cóimheas beagnach 5:1 ann idir an grúpa 67+ agus an ghrúpa 18-25. Bhí céatadán íseal freagróirí idir 18-25 d'aois mar go bhfágann a bhformhór an t-oileán tar éis dóibh an mheánscoil a fhágáil chun freastal ar institiúidí tríú leibhéal nó ar thóir oibre. Cé nach raibh líon ard daoine ann chun samplál a dhéanamh orthu, tá fiúntas ag baint leis na staitisticí a bhaineann leo chun an cumas sa teanga i measc na chéad ghlúine eile is dealraithí tuismitheoirí a léiriú.



Fíghraf 5.2: Aoisgrúpaí na bhFreagróirí

#### 5.1.2. Cúlra na bhfreagróirí

Togadh an chuid is mó de na freagróirí go háitiúil:




Fíghraf 5.3: An áit inar tógadh na freagróirí

Bhí an Ghaeilge á húsáid sa bhaile ag 45.8% agus iad ag éirí aníos agus bhí sí in uachtar an Bhéarla ag 14.5%. I mBéarla amháin a tógadh 19.6% agus bhí an Béarla in uachtar na Gaeilge ag 19.6%.

### 5.1.3. Cumas agus Cleachtas Teanga

Deir níos mó ná an leathchuid de na freagróirí (102 duine nó 54.0%) go bhfuil Gaeilge líofa acu:



Figiúr 5.4: Cumas Gaeilge

As na 175 freagróirí a d'fhreagair an cheist faoi chumas teanga, d'fhreagair 64.0% dóibh (112 duine) gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad agus chuir 13.7% (24 duine) in iúl go labhraíonn siad Gaeilge go minic. Nuair a scrúdaítear na haoisghrúpaí ina bhfuil na cainteoirí laethúla Gaeilge, feictear go bhfuil os cionn 60.0% de na daoine sna haoisghrúpaí ar fad ina gcainteoirí laethúla Gaeilge, ach go bhfuil ceithre oiread níos mó cainteoirí laethúla Gaeilge os cionn 67 bliana ná mar atá idir 18- 25 bliain.

Aoisghrúpa	Lín CLG	Céadán den aoisghrúpa ar CLG iad	Céadán den iomlán ar CLG iad <sup>12</sup>
<b>18-25</b>	8	61.5%	4.6%
<b>26-40</b>	15	62.5%	8.6%
<b>41-55</b>	33	66.0%	18.9%
<b>56-67</b>	21	67.7%	12.0%
<b>67+</b>	35	63.6%	19.9%
<b>Iomlán</b>	112	64.0%	64.0%

Tábla 5.1: Cainteoirí Laethúla Gaeilge de réir Aoisghrúpa

Maidir leis an cheist i dtaca le cumas labhartha agus tuigbheála na Gaeilge, d'fhreagair céatadán arda go raibh cumas an-mhaith labhartha agus tuigbheála Gaeilge acu (46.9% agus 44.6% faoi seach). Ach i dtaca le léitheoireacht agus scríbhneoireacht, d'fhreagair céatadán níos ísle go raibh cumas an-mhaith acu (24.6% agus 21.7% faoi seach).


Ó thaobh aoisghrúpaí de, baineann an lín is airde daoine le hardchumas labhartha acu leis an ghrúpa 67+ (52.7%). Baineann an lín is airde daoine gan aon Ghaeilge ar bith acu leis an aoisghrúpa 18-25 (23.0%). I dtaca le tuigbheáil na Gaeilge, bhí an treocht chéanna amhlaidh sa dá ghrúpa chéanna, le 45.5% don ghrúpa 67+ le hardchumas tuigbheála acu agus 15.4% den ghrúpa 18-25 gan aon tuigbheáil ar bith acu ar an Ghaeilge.

Maidir le léitheoireacht agus le scríbhneoireacht, bhain an céatadán is airde daoine le caighdeán ard acu, de réir aoise, leis an aoisghrúpa 56-67 (32.3%) do léitheoireacht agus leis an

<sup>12</sup> Tá na céatadáin seo bunaithe ar na 175 duine a d'fhreagair an cheist seo. Tabhair faoi deara gur daoine os cionn 18 mbliana d'aois amháin a bhí sa sampla seo.


aoisghrúpa 18-25 (30.8%) do scríbhneoiracht. Thiocfadh nasc a bheith idir caighdeán scríbhneoirachta an aoisghrúpa 18-25 le bunú an tsrutha Gaeilge sa mheánscoil in 2008.

Ó thaobh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge sna ceithre réimse teanga, d'fhreagair beagánín níos mó ná leath na bhfreagróirí gur mhaith leo a gcuid scileanna a fheabhsú ach léirigh os cionn an cheathrú cuid d'fhreagróirí nár mhaith leo a gcuid scileanna a fheabhsú:




Figiúr 5.5: Feabhas a chur ar Scileanna sa Ghaeilge

Deir 45.5% de na freagróirí (86 duine) go labhraíonn siad Béarla ar bhonn laethúil le daoine a bhfuil Gaeilge acu. Níl an nóstairteachta teanga seo á cleachtadh ag 23.3% d'fhreagróirí (44 duine):



Figiúr 5.6: 'Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtóil acu?'


'Cleachtas, faisean nó nós' an chúis is mó taobh thiar den chleachtas seo:



Figiúr 5.7: 'Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?'<sup>13</sup>

I dtaca leis na háiteanna agus na seirbhísí is mó agus is minice úsáide na Gaeilge sa LPT, dhealraigh an lón is mó freagróirí go labhraítear Gaeilge i gcónaí nó go minic sa bhaile (29.9% agus 22.6% faoi seach) agus sa chóras oideachais i gcónaí nó go minic (26.2% agus 19.1% faoi seach).

Ó thaobh na n-áiteanna agus na seirbhísí is íslé úsáide, dhealraigh 75.2% nach labhraítear Gaeilge riamh nó go fíor-annamh (48.0% agus 27.2% faoi seach) agus iad ag plé leis an chóras sláinte. Dhealraigh 79.8% d'fhreagróirí nach labhraítear Gaeilge riamh nó nach labhraítear ach go fíor-annamh í (64.2% agus 15.6% faoi seach) agus iad ag plé leis an Stát:



Figiúr 5.8: Comhthéacsanna ina n-úsáidtear an Ghaeilge i gconaí, thar a bheith i gconaí nó go minic

<sup>13</sup> Tá na céatadáin seo bunaithe ar lón na ndaoine a d'fhreagair an cheist seo.

#### 5.1.4. Dearcadh agus Mianta i leith na Gaeilge

I dtaca leis an cheist faoi inmharthanacht na Gaeilge sa Ghaeltacht, d'aontaigh 60.7% de na freagróirí go láidir leis an ráiteas go raibh sé tábhachtach agus d'aontaigh 35.7% d'fhreagróirí go raibh tábhacht ag baint leis.

D'easaontaigh 49.4% gurbh fhearr leo Béarla a labhairt le taobh na Gaeilge.

D'aontaigh 63.7% go mbeidís sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus d'aontaigh 91.1% go raibh buntáistí faoi leith ag an cheantar de bharr a stádas Gaeltachta. Arís, d'aontaigh 70.8% go raibh an Ghaeilge oiriúnach do shaol an lae inniu. D'aontaigh 76.8% go labhraíonn siad Gaeilge chomh minic agus a thig leo. Ní mhotháíonn 58.9% de na freagróirí go mbíonn brú orthu Béarla a labhairt agus ní mhotháíonn 67.3% go mbíonn brú orthu Gaeilge a labhairt.


D'aontaigh 69.7% go gcuirfidís fáilte roimh níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus d'aontaigh 58.9% go mbeidís sásta tacú leis an phobal le neartú na Gaeilge. Léirigh 22.0% de na freagróirí nach raibh tuairimí ar bith acu i dtaca leis an dá cheist thusa.

Ghlac an ceathrú chuid d'fhreagróirí an deis chun a gcuid mianta don Ghaeilge a chur san áireamh ag deireadh an cheistneora. Léiríodh, den chuid is mó, go raibh freagróirí ag súil go mairfidh agus go neartófar an teanga. Léirigh freagróirí eile go raibh caomhnú na Gaeilge tábhachtach ó thaobh na nglún atá le teacht, ó thaobh thodhchaí an LPT agus ó thaobh an chultúir Ghaelaigh de. Léiríodh tuairimíocht gur chóir go mbeadh níos mó comharthaíochta i nGaeilge sa LPT, gur chóir go mbeadh níos mó deiseanna labhartha agus foghlama Gaeilge ar fáil agus gur chóir deiseanna fostáiochta a bheith ar fáil sa LPT do dhaoine óga agus do dhaoine le Gaeilge.

### 5.2. Spriocghrúpa 2: Daoine óga faoi 18 mbliana d'aois sa chóras oideachais

#### 5.2.1. Líon Freagróirí agus Aois


Bhí ráta ard freagartha ar an cheistneoir seo: 66 duine nó 85.7% san ionlán. Is daltaí meánscoile an chuid is mó de na freagróirí:



Figiúr 5.9: Freagróirí de réir Leibhéal Oideachais

#### 5.2.2. Cúlra na bhFreagróirí

Rugadh agus tógadh an chuid is mó de na freagróirí sa LPT (34 duine nó 51.5%):



Figiúr 5.10: Áit Dúchais na bhFreagróirí

#### 5.2.2.1. Cumas Gaeilge na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Ó thaobh cúnla teanga thuismitheoirí/chaomhnóirí na bhfreagróirí, d'fhreagair 65.2% de na daltaí (43 duine) go raibh Gaeilge ó dhúchas, Gaeilge líofa nó Gaeilge réasúnta maith ag tuismitheoir/caomhnóir amháin. D'fhreagair 59.1% (39 duine) go raibh amhlaidh fíor i gcás a ndara tuismitheoir/caomhnóir.

Thug 33.33% (22 duine) le fios go raibh tuismitheoir/caomhnóir amháin ar bheagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith acu, agus thug 34.85% (23 duine) go raibh amhlaidh fíor i gcás a ndara tuismitheoir/caomhnóir.

#### 5.2.2.2. Cleachtas Teanga na dTuismitheoirí/Caomhnóirí


D'fhreagair 36.4% de dhaoine óga (24 duine) go labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge eatarthu féin i gcónaí nó go minic. Thuairiscigh 24.2% (16 dhuine) go labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge eatarthu féinanois agus arís nó go hannamh.

D'fhreagair 34.9% nach labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí aon Ghaeilge eatarthu riamh.

### 5.2.3. Cumas agus Cleachtas Teanga

#### 5.2.3.1. Cumas Teanga

Tuairiscíonn 50.0% de na daltaí bunscoile, agus 34.3% de na daltaí meánscoile, go bhfuil Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa acu:




Figiúr 5.11: Cumas Gaeilge

Mar sin féin, ní féidir brath go hiomlán ar na figiúirí seo de bharr gur féintuairisciú a bhí i gceist sa cheistneoir agus go mbeadh tionchar, dá bharr, ag muinín agus ag cúlra an dalta, agus ar a shainmhíniú ar a bhfuil i gceist le Gaeilge ó dhúchais, Gaeilge líofa, srl., ar an fhreagra.

#### 5.2.3.2. Cleachtas Teanga sa Bhaile

I dtaca leis an teanga is mó úsáide sa bhaile ag na freagróirí, dealraítear gurb í an Ghaeilge atá in uachtar sa bhaile ag an cheathrú cuid de na daltaí (25.7%), agus go bhfuil an Béarla in uachtar sa bhaile ag an chuid eile (74.3%):




Figiúr 5.12: Cleachtas Teanga sa Bhaile

Mar sin, tá an Ghaeilge ar a gcumas ag líon ard daoine óga ach níl sí á húsáid sa bhaile go forleathan ina measc. Tá cóimheas 3:1 idir daoine óga sa ghrúpa a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla don chuid is mó den am, i gcomparáid leis an ghrúpa a labhraíonn Gaeilge amháin nó an chuid is mó den am sa bhaile.

#### 5.2.3.3. Cleachtas Teanga sna Scoileanna


Mar a fheictear san fhigiúr seo, is mó Gaeilge a labhraítear idir múinteoirí agus daltaí ná i measc na ndaltaí iad féin. Mar sin féin, tuairiscíonn líon nach beag daltaí (25 duine) go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó go minic lena gcuid cairde agus iad ar scoil.



#### 5.2.3.4. Cleachtas Teanga sa Phobal

D'fhreagair 18.8% de na freagróirí (12 dhuine) gur labhair siad Gaeilge gach lá sa tseachtain taobh amuigh den scoil agus thug an tríú cuid (33.3% nó 22 duine) le fios gur labhair siad Gaeilge anois agus arís.

Tuairiscíodh gur le comharsana agus le siopadóirí is mó a labhraíonn daoine óga Gaeilge, ach go bhfuil an Béarla i bhfad i réim ar an Ghaeilge i mbeagnach gach gné de shaol na ndaltaí scoile taobh amuigh den chóras oideachais:



Fígür 5.14: Cleachtas Teanga sa Phobal

### Úsáid Shóisialta an Bhéarla

D'fhreagair 98.5% de na daoine óga go mbíonn Béarla á labhairt acu lena gcairde agus le daoine óga eile sa bhaile agus ar scoil. Ní raibh a mhalaire amhlaidh ach i gcás aon duine amháin.

### Tearmainn Teanga

D'fhreagair 33.3% de na freagróirí go bhfuil áiteanna a labhraíonn siad Gaeilge iontu i gcónaí agus bhí a mhalaire curtha in iúl ag 66.7%.

I measc na n-áiteanna a labhraítar Gaeilge iontu taobh amuigh den scoil liostaíodh na háiteanna a leanas:

- Le linn chéilithe an choláiste samhraidh san Ionad Pobail
- Tithe a muintire/a gcairde ina labhraítar Gaeilge
- Siopaí agus comharchumann
- Ionad Lae

### 5.2.3.5. Cúrsaí Cumarsáide agus Teicneolaíochta

D'fhreagair 92.4% de na daltaí go n-úsáideann siad an Béarla den chuid mó nó Béarla amháin (39.4% agus 53.0% faoi seach) agus iad ar an ghuthán nó ag téacsáil. Dar le cúigear (7.6%) nár bhain an cheist leo.

I dtaca leis an teanga a úsáidtear ar an idirlíon nó ar na meáin shóisialta, d'fhreagair 89.4% daltaí go mbíonn an Béarla á úsáid acu den chuid is mó nó go mbíonn Béarla amháin á úsáid acu (27.3% agus 62.1% faoi seach). Dar le seachtar (10.6%) nár bhain an cheist leo.

### 5.2.4. Dearcadh agus Mianta i leith na Gaeilge


Chun dearcadh agus mianta na bhfreagróirí i leith na Gaeilge a mheas, cuireadh 11 cheist ar scála aistritheach sa cheistneoir.

Léiríonn na freagraí go bhfuil dúil mhór ag níos mó ná dhá thrian den sampla (71.2%) sa Ghaeilge agus dúirt an líon céanna go bhfreagraíonn siad i nGaeilge i gcónaí nuair a labhraítar Gaeilge leo. Arís eile, léirigh an céatadán céanna (71.21%) go gcuirfidís fáilte roimh níos mó deiseanna labhartha Gaeilge do dhaoine óga.

I dtaca le húsáid na Gaeilge mheas os cionn leath den sampla (51.5%) go spreagann a dtuismitheoirí iad chun Gaeilge a labhairt.


Ó thaobh scríobh agus labhairt na Gaeilge de, d'easaontaigh 45.5% go raibh sé ródhoiligh feidhm mar is ceart a bhaint aisti. Mar sin féin, d'aontaigh beagnach 47.0% go raibh sé níos fusa an Béarla a labhairt agus a scríobh i gcomparáid leis an Ghaeilge.

Mheas 80.3% de na daoine óga go bhfuil an Ghaeilge fóirsteanach do shaol an duine óig sa lá atá inniu ann agus níor aontaigh 74.2% nár chuma leo mura mbeadh aon Ghaeilge á labhairt sa Gaeltacht.



Figiúr 5.15: Dearcadh agus Mianta i leith na Gaeilge (A)

Is léir ó na freagróirí go bhfuil a bhformhór go mór i bhfách na Gaeilge agus na Gaeltachta. Níor mhian leis an tromlach go dtiocfadh deireadh le labhairt na Gaeilge sa Gaeltacht agus ní shíleann siad, den chuid is mó, nach bhfuil an teanga fóirsteanach do shaol na hóige. Ina ainneoin sin, léirigh an leathchuid acu (48.5%) gur fearr leo an Béarla a labhairt ná an Ghaeilge.



Figiúr 5.16: Dearcadh agus Mianta i leith na Gaeilge (B)


De bharr go bhfuil mianta agus dearctaí dearfacha léirithe i leith na Gaeilge i measc an aosa óig, beidh sé riachtanach an deis a thapú chun daoine óga a spreagadh i dtreo níos mó úsáide a bhaint as an Ghaeilge atá acu agus tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh chun féinmhuijnín a chothú iontu. Chuige sin, beidh sé riachtanach imeachtaí faoi leith a bheadh thírithe orthu agus ar mhian leo a bheith páirteach iontu a reáchtáil dóibh.

#### 5.2.4.1. Imeachtaí trí Ghaeilge

Chun suim daoine óga a mheas inimeachtaí a thiocfaí a reáchtáil trí Ghaeilge, cuireadh ocht n-imeachtaí foína mbráid sa cheistneoir.

I measc na n-imeachtaí ba mhó a mbeadh tóir orthu i measc óige an oileáin tá:

- Club óige
- Imeachtaí sóisialta le scoileanna eile sa cheantar
- Dioscónna
- Scéimeanna malaирte le scoileanna Gaeltachta eile



Figiúr 5.17: Suim na n Daoine Óga in Imeachtaí Gaeilge

Feictear ón fhigiúr, den chuid is mó, go bhfuil an líon is airde de dhaoine óga i bhfabhar na n-imeachtaí trí Ghaeilge uilig, ach baineann an chuid is mó acu siúd a léirigh suim sna himeachtaí atá liostáilte le lucht freastail na mbunscoileanna. An dúshlán atá ann ná imeachtaí a aimsiú agus a chur ar bun do dhéagóirí atá ag freastal ar an mheánscoil.

#### 5.2.4.2. Smaointe agus Tuairimí Eile

Ag deireadh an cheistneora, tugadh deis do na daoine óga a gcuid tuairimí faoin Ghaeilge agus a gcuid smaointe féin a roinnt.

I measc na dtuairimí a cuireadh chun tosaigh bhí:

Ba chóir freagra a thabhairt i nGaeilge nuair a labhraítéar leat i nGaeilge
Tá an Ghaeilge spéisiúil
Ba mhaith liom go mairfidh sí
Is cainteoir ó dhúchas mé
Is teanga ár sinsear í
Tá sí agam ón chliabhán
Ba chóir níos mó úsáide a bhaint aistí agus túis a chur le comhrá trí Ghaeilge
Aifreann trí Ghaeilge, níos mó Gaeilge sna siopaí, níos mó Gaeilge a labhairt le custaiméirí sna siopaí, grúpa spraoi trí Ghaeilge san Ionad Pobail
Leabhair Ghaeilge a bheith ar fáil, grúpaí ag teacht le chéile ag foghlaim agus ag déanamh caidrimh
Campaí Gaeilge, níos mó Gaeilge sna siopaí agus san Ionad Pobail
Buartha go bhfuil an teanga ag dul i léig, ba chóir don Rialtas níos mó tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine óga chun Gaeilge a labhairt. Deireadh le scéim Labhairt na Gaeilge ina bhotún millteanach. Níos mó Gaeilge sna scoileanna agus i ngnólachtaí an oileáin.
Lá Gaeilge 24 an-mhaith
Dul i dteagmháil le seanóirí san Ionad Lae chun saibhreas teanga a shealbhú
Turas scoile go scoil eile agus tacaíochtaí a chur ar fáil do dhaltaí na scoile sin chun an Ghaeilge a labhairt
Freastal ar chúrsaí Gaeilge le linn na bliana
D'fhreastail mé ar an choláiste samhraidh ar feadh trí seachtainí, labhair mé Gaeilge le gach duine agus chuidigh sé go mór liom
Níos mó Gaeilge a labhairt ar scoil
Dá mbeadh níos mó daoine ag baint feidhm aistí, dá mbeadh imeachtaí trí Ghaeilge mar shampla, Tráth na gCeist, Dioscónna
Scéim mhalaíte le scoileanna eile

**Tábla 5.2: Smaointe agus Tuairimí Eile**

## 6. Bearta an Phlean Teanga

### 6.1. Réamhrá

Is eagras forbartha pobail é an cheanneagraíocht atá ag plé le forbairt pobail ar bhunús leanúnach ó thús a bhunaithe. Tá taithí ag an cheanneagraíocht ar an phróiseas forbartha pobail agus aithnítear go bhfuil gnéithe agus tréithe faoi leith ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh éifeacht agus rath ag baint le gníomhaíochtaí forbartha. I measc na ngnéithe riachtanach tá:

- Pobal atá spreagtha chun éileamh a dhéanamh ar sheirbhís nó rud faoi leith atá in easnamh sa cheantar;
- Meon úinéireachta nó dearcadh sa phobal go bhfuil tionchar agus seilbh ag an phobal ar fhorbairt beartas;
- Ceannairí agus gníomhairí áitiúla atá tiomanta agus dírithe ar an phróiseas chun gnímh a thabhairt chun foirfeachta nó chun críche;
- Beartais tacaíochta curtha i bhfeidhm ag na húdaráis chuí;
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach ón phobal.

Aithnítear gur cuid lárnach den phróiseas pleanála teanga í an fhorbairt pobail chomh maith chun a chinntiú go mbeidh rath ar chur i bhfeidhm bhearta an phlean.

Próiseas céimiúil, thar thréimhse seacht mbliana, a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm phlean teanga an LPT. Go fadtéarmach, ní féidir a bheith ag dréim go dtiocfadh le hoibrithe deonacha an obair dhúshláinach a bheidh i gceist a ghlagadh idir lámha.

Beidh sé riachtanach go mbeidh gníomhairí pleanála teanga, leis na cálíochtaí cuí, fostaithe chun dul i mbun na hoibre chun móiminteam sa phróiseas a chothú agus a chaomhnú.

Bunófar struchtúr compháirtíocha sa LPT a bheidh ag feidhmiú ar bhunús idirghníomhaíochta.

### 6.2. Réimsí na mBeart sa Phlean Teanga

Déantar cur síos ar bhearta an phlean teanga faoi na réimsí A go K a leanas, mar atá leagtha síos sna *Treoirílinte Pleanála Teanga* (2016) atá foilsithe ag an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

Níl réimsí na mbeart leagtha amach in ord tosaíochta.

Baineadh feidhm as na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi *Acht na Gaeltachta, 2012* mar fhráma tagartha chun na bearta a chur i gceann a chéile (Aguisín VI). Seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil na critéir bunaithe:

- A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- B. Seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- D. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- E. An earnáil ghnó
- F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn
- G. Na meáin chumarsáide

- H. Seirbhísí poiblí
- I. Pleanáil agus forbairt fhisiceach
- J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nóstmaireacht an phobail ina leith

## 6.3. Feidhmiú an Phlean Teanga

### 6.3.1. Feidhmiú an Phlean Teanga

Réimsí:	K	Critéir pleannala teanga:	1
<b>Aidhm:</b>	An struchtúr reatha a neartú agus a mhéadú le cinntíú go bhfeidhmeoidh sé ar bhunús rannpháirtreach agus a chinnteoidh go mbeidh éifeacht ag baint le cur i bhfeidhm agus le monatóireacht an phlean. Rannpháirtfacht an phobail a chothú.		
<b>Eolas breise:</b>	<p>Fostófar oifigeach pleannala teanga lánaimseartha amháin, nó beirt páirtaimseartha (OPT) faoi stiúir na cheanneagraíochta chun pleann teanga an LPT a chur i bhfeidhm.</p> <p>Cothófar comhpháirtíocht idirghníomhach idir an OPT agus CSPTAM.</p> <p>Déanfar daoine breise a mhealladh agus a cheapadh chun páirt a ghlacadh ar CSPTAM. Déanfar iarracht daoine a mhealladh a bhfuil saineolas faoi leith acu ar na réimsí éagsúla a mbeidh CSPTAM ag plé leo.</p> <p>Eagrófar cruinniú uair sa mhí (nó níos minice de réir mar is gá) idir an OPT, CSPTAM agus an cheanneagraíocht le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga.</p>		
<b>Réasúnaíocht:</b>	Beidh géarghá go mbeidh duine amháin lánaimseartha nó beirt an bhunús páirtaimsertha, fostaithe chun a chinntíú go mbeidh éifeacht agus rathúlacht ag baint le cur i bhfeidhm an phlean agus go mbeidh monatóireacht éifeachtach déanta ar bhearta an phlean ar bhonn leanúnach.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An cheanneagraíocht (príomhúnínéir), CSPTAM (rannpháirtíocht)		
<b>Saolré:</b>	Bliain 1	Socruite agus earcaíocht	
	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€371,000.00		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€53,000.00 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>14</sup>		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Iarrthóirí fóirsteanacha a fhostú.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Sa chás nach dtig teacht ar iarrthóirí leis na cálíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a bhfuil taithí aige/aici ar réimsí ábhartha agus gaolmhara a fhostú ar an bhonn go dtabharfadh sé/sí faoi chálíocht sa phleanáil teanga i ndiaidh an cheapacháin.</p>		
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uilig sa phlean teanga.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Tabharfaidh an OPT tuairisc mhíosúil ar an dul chun cinn don CSPTAM.		

<sup>14</sup>Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.3.2. Suíomh Gréasáin

Réimsí:	G, K	Critéir pleinála teanga:	1, 16
Aidhm:	An pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn na pleinála teanga sa LPT.		
Eolas breise:	Déanfar suíomh gréasáin a fhorbairt do CSPTAM ar a mbeidh eolas faoin phlean agus faoi na bearta, sonraí teagmhála an OPT, naisc úsáideacha agus rannóg nuachta i measc rudáil eile. Is é/í an OPT a bheidh freagrach as an suíomh a choinneáil cothrom le dáta, faoi stiúir CSPTAM.		
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), CSPTAM (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), an cheanneagraíocht (tacaíocht)		
Saolré:	Bliain 1	An suíomh a dhearadh, ábhar a réiteach agus an suíomh a Sheoladh	
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€10,500		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€7,500 do Bhliain 1 agus €500 in aghaidh na bliana do Bhliain 2-7 <sup>15</sup>		
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe CSPTAM (Beart 6.2.1).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe CSPTAM (Beart 6.2.1).		

<sup>15</sup> Meastachán faigthe ó Granite Digital, glaoch guthán ar an 6 Nollaig 2017. Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.3.3. Monatóireachta

Réimsí:	K	Critéir pleanála teanga:	1, 19		
Aidhm:	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht bhearta an phlean teanga.				
Eolas breise:	<p>Teastóidh roinnt gníomhartha monatóireachta le cinntiú go gcuirfear an plean teanga i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Ina measc sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Eagrófar cruinnithe leathbhliantúla le múinteoirí meánscoile agus bunscoile an LPT (ag amanna nach gcuireann isteach ar obair na múinteoirí) le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht na mbearta a bhaineann leis an chóras oideachais agus daoine óga (i. Bearta 6.3.2, 6.3.3, 6.3.4, srl.).</li> <li>• Eagrófar cruinnithe ar bhonn ráithe le háisitheoirí agus le coistí na gclubanna óige le tuairiscí a fháil ar fheidhmiú na gclubanna (Beart 6.5.1) agus ar bhearta eile a bhaineann leis an aos óg.</li> <li>• Eagrófar cruinnithe le gnónna/eagraíochtaí/srl. a mbeidh an comhpholasaí teanga (Beart 6.7.1) á chur i bhfeidhm acu le plé a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm agus ar a éifeacht.</li> <li>• Cuirfear suirbhéanna amach tríd an chóras <i>SurveyMonkey</i> ar bhonn bliantúil nó níos mince de réir mar is gó le haiseolas a bhailíú ó páirtithe leasmhara éagsúla maidir le cur i bhfeidhm na mbearta (i. Bearta 6.7.1, 6.8.1, 6.11.2, srl.).</li> <li>• Déanfar teagmháil le coistí agus/nó le cheanneagraíochtaí in LPTanna eile i nDún na nGall uair sa bliaín (nó níos mince de réir mar is gó) le plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpleananna teanga trí chéile, ar fhéidearthachtaí comhoibrithé a chuideoidh leis na coistí/ceanneagraíochtaí acmhainní a shábháil agus dúbait oibre a sheachaint agus le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht Bheart 6.7.3.</li> <li>• Déanfaidh an OPT cur i láthair do CSPTAM agus don cheanneagraíocht ag deireadh gach bliana ina dtabharfar léargas ar chur i bhfeidhm an phlean, ar an chaoi a bhfuil ag éirí leis na bearta éagsúla agus leis an phlean ina ionláine agus ar dheacrachtaí nó ar dhúshláin ar bith a thiocfaidh chun cinn le linn chur i bhfeidhm an phlean.</li> </ul>				
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéirí), CSPTAM (rannpháirtíocht), an cheanneagraíocht (rannpháirtíocht), na páirtithe leasmhara uilig a luaitear i mbearta an phlean teanga (rannpháirtíocht)				
Saolré:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta ionlán:	€3,192				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€456 (síntíús bliantúil do phacáiste 'Advantage' <i>SurveyMonkey</i> <sup>16</sup> )				
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshláin fhéidearthá agus réitigh:	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Ní bhaineann.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann.				

<sup>16</sup> Costas bliantúil don phacáiste 'Advantage' ó *SurveyMonkey* ([https://www.surveymonkey.com/pricing/?ut\\_source=header](https://www.surveymonkey.com/pricing/?ut_source=header)) ar an 8 Nollaig 2017.

## 6.4. An Córás Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

De bharr go bhfuil sé i gceist ag gach scoil sa LPT cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, ghlac CSPTAM cinneadh gan mórán beart a bhaineann le réimse an oideachais a chur san áireamh sa phlean teanga seo. Tá bearta ann a bhaineann le tacú leis na scoileanna agus na soláthróirí oideachais sa LPT ach socraíodh, ar mhaithle le dúbailt oibre a sheachaint, é a fhágáil faoi na scoileanna bearta ó thaobh fheidhmiú agus ghníomhaíochtaí na scoileanna de a forbairt dá bpleananna teanga féin.

### 6.4.1. Leanúnachas sa Chóras Oideachais (agus Luathoideachais)

Réimsí:	A	Critéir pleánála teanga:	5
<b>Aidhm:</b>	Leanúnachas a chinntíú i soláthar oideachais trí Ghaeilge sa LPT trí chomhpháirtíocht agus nasc a chothú idir bainistíocht na mbunscoileanna, na meánscoile, an naónra agus CSPTAM.		
<b>Eolas breise:</b>	Cruinnithe rialta (gach dara mí le linn Bhliain 1 agus ar bhonn ráithe ina dhiaidh sin) a eagrú le linn na scoilbhliana idir bainistíocht an naónra, na mbunscoileanna agus na meánscoile chun an dul chun cinn i dtaca le bearta oideachais an phlean teanga seo agus leis an <i>Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> a phlé agus chun na bagairtí, na dúshláin agus na féidearthachtaí a eascrófar as an phróiseas pleánála teanga a phlé. Beidh ionadaí/ionadaithe ó CSPTAM i láthair ag na cruinnithe seo.		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	CSPTAM (príomhúinéir), bainistíocht an naónra, na mbunscoileanna agus na meánscoile (rannpháirtíocht agus tacaíocht), múinteoirí scoile agus oibrithe naónra an LPT (tacaíocht), OPT (tacaíocht)		
<b>Saolré:</b>	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt.	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo.		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo.		
<b>Dúshláin fhéidearthá agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Déanfar measúnú ar éifeacht an bhirt seo bunaithe ar an eolas a eascraíonn ó na cruinnithe.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Glacfar miontuairiscí ag na cruinnithe.		

#### 6.4.2. Scéim na gCúntóirí Teanga: Bunscoileanna

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	4, 5, 6		
<b>Aidhm:</b>	Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú sna bunscoileanna sa dóigh go mbeidh an scéim á réachtáil ó thús go deireadh na scoilbhliana.				
<b>Eolas breise:</b>	<p><b>A) Sa ghearrthéarma:</b> Cuirfear maoiniú ar fáil don cheanneagraíocht trí an phlean teanga a chuirfidh ar chumas na ceanneagraíochta cúntóirí teanga a fhostú sna scoileanna ag túis agus ag deireadh na scoilbhliana. Aithnítear tábhacht agus fiúntas na scéime agus is réiteach sa ghearrthéarma é seo go dtí go mbeidh polasaí níos fabhraí i leith na scéime faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.</p> <p><b>B) San fhadtéarma:</b> Déanfar stocaireacht, i gcuideachta páirtithe leasmhara agus eagras pleanála teanga eile, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna chun maoiniú breise a chur ar fáil ar mhaithe le cúntóirí teanga a fhostú sna scoileanna ar feadh iomlán na scoilbhliana.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), OPT (riarachán agus tacaíocht/stocaireacht), Muintearas Teo. (tacaíocht/stocaireacht), Gaeloideachas (tacaíocht/stocaireacht), múinteoirí an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht/stocaireacht), cúnntóirí teanga an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht/stocaireacht), tuismitheoirí dhaltaí scoile an LPT (tacaíocht/stocaireacht), Conradh na Gaeilge (stocaireacht), ASTI (stocaireacht), TUI (stocaireacht), INTO (stocaireacht)				
<b>Saolré:</b>	Bliain 1-7	Leanfar leis an réiteach gearrthéarmach (A) go dtí go dtiocfaidh an réiteach fadtéarmach (B) i bhfeidhm.			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€21,560.00				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3,080.00 <sup>1717</sup>				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Muintearas Teo, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Aontú a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú cuí a chur ar fáil fá choinne (B) thusa.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Bheiff ag síul go mbeadh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i ndul chun cinn na ndaltaí scoile sa LPT a bhúiochas le (A) thusa, agus go láidreodh sé an cás don Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú a chur ar fáil.</p>				
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Reáchtálfar cruinnithe leathbhliantúla le múinteoirí an LPT. Mar chuid de na cruinnithe sin, pléifear éifeacht an bhirt seo, i. an bhfuil ag éirí leis an bheart seo cur le cumas Gaeilge na ndaltaí.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Beidh ról riarthá ag OPT i gcás an bhirt seo, mar sin beidh siadsan in ann monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.				

<sup>17</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.4.3. Scéim na gCúntóirí Teanga: Meánscoil

Réimsí:	A	Critéir pleanála teanga:	4, 5, 6
<b>Aidhm:</b>	Scéim na gCúntóirí Teanga a chur ar bun sa mheánscoil agus a chinntíú go mbeidh an scéim á reáchtáil ó thús go deireadh na scoilbhliana.		
<b>Eolas breise:</b>	<p><b>A) Sa ghearrthéarma:</b> Cuirfear maoiniú ar fáil don cheanneagrafocht tríd an phlean teanga a chuirfidh ar chumas na ceanneagraíochta cúntóir teanga a fhostú sna mheánscoil le linn na scoilbhliana.</p> <p><b>B) San fhadtéarma:</b> Cuideofar le Bord Bainistíochta Ghairmscoil Mhic Diarmada agus le coiste na dtuismitheoirí sa scoil cur isteach ar Scéim na gCúntóirí Teanga, trí litir/litreacha a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus chuig Muintearas Teo. Tá sé mar aidhm ag an bheart go bhfostófaí cúntóir teanga sa scoil tríd an scéim sin agus, ina dhiadh sin, go leanfaí le stocaireacht leis an scéim a leathnú amach ó thús go deireadh nascoilbhliana mar atá sonraithe faoi Bheart 6.3.2 thusa.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	An cheanneagraíocht (príomhúinéir), An OPT (riarachán agus tacaíocht/stocaireacht), Muintearas Teo. (tacaíocht/stocaireacht), Gaeloideachas (tacaíocht/stocaireacht), múinteoirí an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht/stocaireacht), cúntóirí teanga an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht/stocaireacht), tuismitheoirí dhaltaí scoile an LPT (tacaíocht/stocaireacht), Conradh na Gaeilge (stocaireacht), ASTI (stocaireacht), TUI (stocaireacht), INTO (stocaireacht)		
<b>Saolré:</b>	Bliain 1-7	Leanfar leis an réiteach gearrthéarmach (A) go dtí go dtiocfaidh an réiteach fadtéarmach (B) i bhfeidhm.	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€35,574 <sup>18</sup>		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€1,078-€5,082 <sup>19</sup>		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Munitearas Teo, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshlán fhéidearthá agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Aontú a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú cuí a chur ar fáil fá choinne (B) thusa.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Bheifí ag súil go mbeadh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i ndul chun cinn na ndaltaí scoile sa LPT a bhfuochas le (A) thusa, agus go láidreodh sé an cás don Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú a chur ar fáil.</p>		
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Reáchtálfar cruinnithe leathbhliantúla le múinteoirí an LPT. Mar chuid de na cruinnithe sin, pléifear éifeacht an bhirt seo, i. an bhfuil ag éirí leis an bheart seo cur le cumas Gaeilge na ndaltaí.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Beidh ról riártha ag an OPT i gcás an bhirt seo, mar sin beidh siadsan in ann monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm.		

<sup>18</sup> Is ionann an tsuim seo agus an t-uasmhéid a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bheart seo (i. €22.00 in aghaidh na huaire, seacht n-uaire in aghaidh na seachtaine, ar feadh 33 seachtain agus an scoil ar oscailt).

<sup>19</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

#### 6.4.4. Trealamh Ranga agus Súgartha, Téacsleabhair agus Acmhainní Teagaisc do Bhunscoileanna

Réimsí:	A	Critéir pleánála teanga: 4, 6
<b>Aidhm:</b>	Tacaíocht a chur ar fáil do bunscoileanna an LPT chun an <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022</i> a chur i bhfeidhm. Mar shampla; cinntiú fo mbeidh trealamh ranga agus súgartha, téacsleabhair agus acmhainní teagaisc agus foghlamtha ardchaighdeánacha a chur ar fáil a bheidh in oiriúint do chanúint Thír Chonaill.	
<b>Eolas breise:</b>	Chiinntiú go mbeidh trealamh ranga agus súgartha ar fáil do na bunscoileanna a thacóidh leis na scoileanna modhanna foghlamtha trí shúgradh (i. Aistear) a chur i bhfeidhm.	
<b>Réasúnaíocht:</b>	<p>Tá Aistear in úsáid sa naónra sa LPT agus tá túis á chur le húsáid an mhodha teagaisc chéanna sna bunscoileanna áitiúla. Is éard atá i gceist le hAistear ná foghlaim agus forbairt leanáí á gcur i láthair ina dtéamaí. Cuidíonn Aistear go mór le páistí agus iad ag aistriú ón naónra go dtí an bhunscoil mar go leantar le córas a bhfuil taithí agus eolas acu air tar éis dóibh an naónra a fhágáil. Moladh ag cruinnithe idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus boird bainistíochta na mbunscoileanna an modh teagaisc seo a chur i bhfeidhm, ach léirigh príomhoidí na mbunscoileanna a n-imní de bharr an easpa acmhainní atá ag na scoileanna chun trealamh a cheannach a chuideodh leo Aistear a chur i bhfeidhm go héifeachtach.</p> <p>Chuir bainistíocht na scoileanna in iúl don choiste pleánála teanga go mbeidh trealamh súgartha riachtanach, mar shampla teach súgartha, oifig an phoist, siopa grósaera, garáiste, teach bháid, srl.</p>	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPT(tacaíocht), múinteoirí bunscoile an LPT (rannpháirtíocht agus príomhúinéir), COGG (tacaíocht, comhairle, maoiniú), CSPTAM (tacaíocht) An Roinn Oideachais & Scileanna (maoiniú)	
<b>Saolré:</b>	Bliain 2-7	
<b>Costas measta iomlán:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo 0	
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	Ní mheastar go mbeidh costas ag baint leis an bheart seo	
<b>Foinsí maoinithe:</b>	COGG, An Roinn Oideachais & Scileanna, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	
<b>Dúshláin fhéidearthá agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Ábhar a aimsiú a bheadh in oiriúint do chanúint Thír Chonaill.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Mura mbíonn dóthain ábhar ar fáil, breathnófar ar fhéidearthachtaí, i gcomhar le leithéidí COGG, an tÁisionad (Coláiste Mhuire, Béal Feirste), srl., le hábhair atá cheana féin ar fáil i nGaeilge, nó i mBéarla, a chur in oiriúint do Ghaeilge Thír Chonaill.</p>	
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhírt:</b>	Reáchtálfar cruinnithe leathbhliantúla le múinteoirí an LPT. Mar chuid de na cruinnithe sin, pléifear éifeacht an bhírt seo.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhírt:</b>	Reáchtálfar cruinnithe leathbhliantúla le múinteoirí an LPT. Mar chuid de na cruinnithe sin, pléifear cur i bhfeidhm an bhírt seo.	

## 6.5. Seirbhísí Curaim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 6.5.1. Grúpa Súgartha

Réimsí:	B, C, D	Critéir pleinála teanga:	2, 3, 7, 9, 14
<b>Aidhm:</b>	Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc tuismitheoirí agus páistí óga, nósmhaireacht teanga a athrú ó Bhéarla go Gaeilge in imeacht ama agus deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama Gaeilge a chur ar fáil.		
<b>Eolas breise:</b>	<p>Feidhmíonn grúpa súgartha do pháistí idir trí bliana agus ocht mbliana d'aois sa LPT. Tagann an grúpa le chéile dhá uair sa tseachtain in Ionad an Chrois Bhealaigh.</p> <p>Forbróidh an OPT ábhar (i bhfoirm clóite agus i bhfoirm leictreonach) a chuvideoidh le tuismitheoirí na bpáistí bunfhoclór agus frásáí Gaeilge a fhoghlaím agus spreagfar iad leis an oiread Gaeilge agus is féidir leo a úsáid sa ghrúpa súgartha. Cuirfear ábhar eile – cluichí, leabhair, póstaer, ceol, srl. – ar fáil don ghrúpa chomh maith. Ag brath ar éileamh, d'fhéadfaí ranganna neamhfhoirmiúla Gaeilge a chur ar fáil do na tuismitheoirí chomh maith, mar chuid den ghrúpa spraoi nó ag amanna eile.</p> <p>Mar chuid den obair seo, spreagfar plé i measc na dtuismitheoirí ar mhaithle le feasacht teanga a ardú ina measc.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPT (príomhúinéirí), tuismitheoirí an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht), stiúrthóirí an ghrúpa spraoi (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Ionad an Chrois Bhealaigh (rannpháirtíocht agus tacaíocht), CSPTAM (tacaíocht) Comhar Naónraí na Gaeltachta Teo (tacaíocht)		
<b>Saolré:</b>	Bliain 1-2	Réamhullmhúchán a dhéanamh agus nósmhaireacht teanga a athrú	
	Bliain 2-7	An grúpa a fheidhmiú trí Ghaeilge	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€21,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€3000 (meánchostas in aghaidh na bliana) <sup>20</sup>		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta		
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshláin:</b> Tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu a spreagadh le tosú ag labhairt Gaeilge lena bpáistí.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Pléifear cúrsaí teanga leis na tuismitheoirí, buntáistí an dátheangachais agus cúrsaí sealbaithe mionteanga/mórtheanga ina measc.</p> <p><b>Dúshláin:</b> Muinín a thabhairt do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu Gaeilge a labhairt.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Mar chuid de na deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama, molfar iarrachtaí na dtuismitheoirí agus cuirfear ag caint iad le tuismitheoirí eile atá ag an leibhéal céanna leo.</p>		
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Freastalóidh an OPT ar an ghrúpa súgartha ar bhonn rialta le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an bhirt. Moltar go bhfreastalóidís air ar a laghad uair sa tseachtain nó uair sa choicís le linn Bláthain 1 de chur i bhfeidhm an bhirt, agus nuair a bheifear sásta go bhfuil an beart ag feidhmiú go héifeachtach go bhfreastalóidís air ar bhonn míosúil.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Freastalóidh an OPT ar an ghrúpa súgartha ar bhonn rialta le cinntíú go bhfuil an beart á chur i bhfeidhm.		

<sup>20</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

### 6.5.2. Scéim Labhairt na Gaeilge

Réimsí:	B, K	Critéir pleanála teanga:	2, 7, 8, 19		
Aidhm:	Scéim Labhairt na Gaeilge a athbhunú agus teaghlaigh a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid.				
Eolas breise:	Déanfar stocaireacht ar an Róinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí, chun Scéim Labhairt na Gaeilge a athbhunú.				
Páirtithe leasmhara:	OPT, (príomhúinéir), CSPTAM (tacaíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht), tuismitheoirí an LPT (tacaíochta), múinteoirí an LPT (tacaíochta), Conradh na Gaeilge (tacaíocht agus stocaireacht), polaiteoirí áitiúla (tacaíocht agus stocaireacht)				
Saolré:	Bliain 2-7	Cuirfear tú leis an fheachtas stocaireachta i mBliain 2 agus leanfar leis go mbainfear aidhm an bhirt amach			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	De bharr gur feachtas stocaireachta atá ann a bhfuil tacáiocht láidir le feiceáil do i gcuid mhór de na pleananna teanga atá á n-ullmhú faoi <i>Acht na Gaeltachta, 2012</i> ,ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mhór i gceist leis an bheart seo.				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Beidh éifeacht ar an bheart seo má bhaintear amach an aidhm.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar na gníomhaíochtaí stocaireachta uilig a eagraítear faoin bheart seo, agus ar líon na ndaoine a thabharfaidh tacáiocht don fheachtas.				

### 6.5.3. Seirbhísí Tacaíochta Teanga do Thuismitheoirí

Réimsí:	B, D	Critéir pleinála teanga:	6, 7, 8, 11, 19		
<b>Aidhm:</b>	Seirbhísí tacaíochta Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoileanna an LPT, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil mórán Gaeilge acu nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu.				
<b>Eolas breise:</b>	<p>Cuirfear ranganna comhrá do thuismitheoirí ar siúl i gcaitheamh an lae, le linn do na páistí a bheith ar scoil. Beidh na ranganna sin ar fáil ag gach leibhéal, ó ghlanatosaitheoirí go hardleibhéal, agus moltar ábhar na ranganna a bheith bunaithe ar ábhar teagaisc sa scoileanna so dóigh go mbeidh sé ar chumas na dtuismitheoirí cuidiú a chur ar fáil dá gcuid páistí le hobair bhaile. Tabharfar foirmeacha aiseolais do na tuismitheoirí a ghlacann páirt sna ranganna ag deireadh na scoilbhliana le héifeacht an bhirt a mheas agus le moltaí a bhailiú.</p> <p>Déanfar club leabhar a bhunú a chuideoidh le tuismitheoirí leabhair léitheoireachta reatha na scoileanna a léamh sa dóigh go mbeidh tuiscint ag tuismitheoirí ar ábhar na leabhar. Beidh sé mar aidhm ag an chlub seo cuidiú a chur ar fáil do thuismitheoirí nach bhfuil mórán Gaeilge acu nó nach bhfuil Gaeilge ar bith acu, chomh maith le cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu tuiscint níos fearr a bheith acu ar leabhair Ghaeilge a mbíonn canúintí éagsúla iontu.</p> <p>Reáchtálfar club obair bhaile ar feadh uair an chloig tar éis na scoile do pháistí agus do thuismitheoirí chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí ar mhaith leo obair bhaile (Gaeilge agus ábhair trí Ghaeilge) a dhéanamh i gcuideachta a bpáistí. Tabharfar foirmeacha aiseolais do na tuismitheoirí a ghlacann páirt sa chlub ag deireadh na scoilbhliana le héifeacht an bhirt a mheas agus le moltaí a bhailiú.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPT (príomhúinéir), CSPTAM (tacaíocht), múinteoirí agus bainistíocht scoileanna an LPT (tacaíocht agus comhairle), tuismitheoirí pháistí scoile an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht)				
<b>Saolré:</b>	Bliain 1	Réamhobair agus ullmhúchán, le comhairle agus ionchur ó mhúinteoirí an LPT			
	Bliain 2-3	Cuirfear túis leis na gnéithe éagsúla den bheart seo ar bhonn céimnithe			
	Bliain 3-7	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	€14,400 <sup>21</sup>				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,400 (2 rang x 20 seachtain @ €40 don mhúinteoir + 40 leabhar @ €20 an ceann)				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta (Scéim na Ranganna Gaeilge) An Bord Oideachais & Oiliúna				
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>	De bharr gurb iad na tuismitheoirí féin a mhol an beart seo, ní mheastar go mbeidh aon dúshlán mór le sárú i dtaca lena chur i bhfeidhm.				
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Tabharfar foirmeacha aiseolais do na tuismitheoirí ag deireadh gach scoilbhliana le héifeacht an bhirt a mheas agus le moltaí a fháil maidir le leasuithe a dhéanfadh an beart seo níos éifeachtaí.				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na dtuismitheoirí a fhreastalaíonn ar na ranganna agus ar an chlub leabhar agus a bhaineann úsáid as an chlub obair bhaile.				

<sup>21</sup>Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

#### 6.5.4. Scéim Cuairteanna Baile

Réimsí:	B	Critéir pleanála teanga:	6, 7		
Aidhm:	Tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge.				
Eolas breise:	Cuirfear scéim cuairteanna baile ar bun le roghanna teanga a phlé agus an tionchar a bheadh ag na roghanna sin a phlé le daoine atá ag súil le páistí agus le tuismitheoirí nua. Cuirfear comhairle phraiticiúil ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge agus déanfar iarracht tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge ar bith acu a spreagadh le hiarracht a dhéanamh an Ghaeilge a thabhairt isteach i réimse an bhaile.				
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), tuismitheoirí an LPT (rannpháirtíocht), dochtúirí teaghlaigh a bhíonn ag freastal ar mhuintir an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Glór na nGael (tacaíocht agus comhairle), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht agus comhairle)				
Saolré:	Bliain 1	Ullmhúchán, réamhobair agus bailiú ábhar (m.sh. litríocht agus ábhar feasacha ó Ghlór na nGael, Údarás na Gaeltachta, Comhluadar srl.)			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€21,000.00.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,000. (Ceardlainne eolais a reáchtáil, costais taistil agus farantóireachta)				
Foinsí maoinithe:	Údarás na Gaeltachta .				
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Tuismitheoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Forbrófar comhpháirtíocht le dochtúirí teaghlaigh a bhíonn ag freastal ar mhuintir an LPT agus cuirfear eolas ar fáil faoin scéim trí na dochtúirí sin. Mar go mbíonn muinín ag daoine as a gcuid dochtúirí, meastar go gcothóidh sé seo muinín an phobail as an scéim agus as bearta an phlean teanga trí chéile (féach, m.sh., Edwards &amp; Newcombe, 2005).</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Mar chuid de na cuairteanna baile, baileoidh an OPT eolas leanúnach faoi éifeacht an bhirt. Beifear in ann éifeacht an bhirt seo a phlé le múinteoirí bunscoile an LPT chomh maith nuair a thosóidh an chéad ghlúin de pháistí ar ghlac a dtuismitheoirí páirt sa scéim ar scoil.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh an OPT taifead ar líon na dteaghlaigh atá páirteach sa scéim.				

## 6.6. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 6.6.1. Club Óige

Réimsí:	C, J	Critéir pleinála teanga:	2, 8, 10, 11, 12				
Aidhm:	Úsáid na Gaeilge mar theanga shóisialta a mhéadú i measc óige an oiléain agus a dtuismitheoirí.						
Eolas breise:	<p>Déanfar dhá chlub óige a bhunú:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa 1: Daoine óga 7-12 bliain d'aois</li> <li>Grúpa 2: Daoine óga 12-15 bliana d'aois</li> </ul> <p>Moltar múnlá Fhoróige a leanacht ar mhaithe leis na daoine óga a chumhachtú, agus déanfar coiste a bhunú le hionadaithe ón dá aoisghrúpa agus áisitheoirí eile<sup>22</sup> chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú. Mar chuid den réamhobair, déanfar taighde i measc an dá aoisghrúpa ar na cineálacha imeachtaí/gníomhaíochtaí a thaithneodh leo. Tiocfaidh na clubanna seo le chéile uair sa tseachtain le linn mhíonna na scoilbhliana in Ionad an Chrois Bhealaigh.</p> <p>Déanfar rannpháirtíocht a spreagadh i measc tuismitheoirí agus daoine óga eile eile (m.sh. daltaí níos sine) chun a bheith páirteach sna clubanna mar áisitheoirí. Cuirfidh an OPT seisíúin traenála agus oiliúna ar fáil dóibh chun iad a chumasú le feidhmiú mar áisitheoirí agus le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chúrsaí teanga ag na clubanna.</p>						
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), Foróige (tacaíocht), Óige na Gaeltachta (tacaíocht agus comhairle), óige an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht), tuismitheoirí an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Muintearas (tacaíocht agus comhairle), CSPTAM (tacaíocht), Ionad an Chrois Bhealaigh (rannpháirtíocht agus tacáiocht)						
Saolré:	<table border="1"> <tr> <td>Bliain 1-2</td> <td>Réamhobair (bunú na gcoistí san áireamh), ullmhúchán, taighde ar na cineálacha imeachtaí/gníomhaíochtaí a thaitneodh leis an dá aoisghrúpa</td> </tr> <tr> <td>Bliain 2-7</td> <td>Feidhmiú an bhirt</td> </tr> </table>	Bliain 1-2	Réamhobair (bunú na gcoistí san áireamh), ullmhúchán, taighde ar na cineálacha imeachtaí/gníomhaíochtaí a thaitneodh leis an dá aoisghrúpa	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt		
Bliain 1-2	Réamhobair (bunú na gcoistí san áireamh), ullmhúchán, taighde ar na cineálacha imeachtaí/gníomhaíochtaí a thaitneodh leis an dá aoisghrúpa						
Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt						
Costas measta iomlán:	€52,000						
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 €4,000 ó Bliain 2 ar aghaidh €8,000 (€4,000 an ceann don dá chlub ar mhaithe le trealamh, ábhar, cúrsaí taistil, srl. a chlúdach <sup>23</sup> )						
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Muintearas Teo						
Dúshlán fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh i measc na ndaoine óga agus a dtuismitheoirí.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Meastar go gcuvideoidh na coistí thuasluaithe le daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh sna clubanna. Chomh maith leis sin, eagrófar imeachtaí agus gníomhaíochtaí bunaithe ar mholtáí na ndaoine óga féin agus meastar go mbeidh spéis ag na daoine óga freastal orthu dá bharr. Meastar go mbeifear in ann tuismitheoirí a mhealladh le cúnamh a thabhairt má bhíonn spéis ag go leor dá gcuid páistí ann.</p>						
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Iarrfar ar áisitheoirí nó ar choistí na gclubanna bualadh leis an OPT ar bhonn ráithe le héifeacht an bhirt seo a phlé, i. an bhfuil ag éirí leis na clubanna óige cleachtas teanga atá fabhrach don Ghaeilge a chur chun cinn i measc lucht a bhfreastail.						

<sup>22</sup> Mar mhalaírt air seo, d'fhéadfáí dá choiste a bhunú: ceann do ghrúpa 1 agus ceann do ghrúpa 2. Moltar go mbeadh ionadaithe ó lucht freastail an chlub ar an choiste do ghrúpa 1, chomh maith le roinnt tuismitheoirí a chuideodh leo imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú. I dtaca le grúpa 2, moltar áisitheoirí a bheith páirteach sa gcoiste (m.sh. daltaí scoile 16+ bliana d'aois) ach formhór an eagrúcháin a fhágáil faoi na daoine óga sa chlub iad féin.

<sup>23</sup> Má eagraítear turais thar oíche nó imeachtaí eile nach mbeidh clúdaithe faoin bhuiséad seo, moltar urraíocht áitiúil a fháil agus/nó ócайдí tiomsaithe airgid a eagrú agus/nó síntiús a fháil ó na daoine óga a bheidh ag freastal ar an imeacht/turas.

**Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:**

Mar chuid de na cruinnithe ráithiúla thuasluaite, iarrfar ar na háisitheoirí/coistí tuairisc a thabhairt ar líon na ndaoine a bhíonn ag freastal ar na clubanna agus ar líon na dtuismitheoirí/daoine eile a ghlacann páirt iontu mar ásisitheoirí. Pléifear bealaí le tuilleadh daoine a mhealladh isteach de réir mar is gá.

### 6.6.2. Imeachtaí teanga-bhunaithe lasmuigh de na Clubanna Óige

Réimsí:	C, D, J	Critéir pleinála teanga:	10, 11		
Aidhm:	Imeachtaí Óige Gaeilge a chur ar fáil agus a normalú sa cheantar dírithe ar dhéagóirí /daoine óga an cheantair lasmuigh den chóras oideachais.				
Eolas breise:	<p>Imeachtaí rialta éagsúla trí Ghaeilge a chur ar fáil san Ionad Pobail (Ionad an Chrois Bhealaigh) dírithe ar dhéagóirí agus daoine óga amháin. Imeachtaí chun úsáid na Ghaeilge a chothú i réimí shóisialta na ndaoine óga lasmuigh den chóras oideachais. Imeachtaí dírithe ar ábhair spéise na ndéagóirí. Polasaí láidir Gaeilge a cur i bhfeidhm.</p> <p>Imeachtaí samplacha:            Comortais Spóirt - 12 seachtainí sa bliaín (€100 sa tseachtain) €1200.00            Ranganna Rince/Sean Nós 10 rang in aghaidh na bliana (€40x10) €400            Cócaireacha 6 x sa bliaín €40x6 = €240.00            Coderdojo 1x sa tseachtain ar feadh 20 seachtain €40x20=€800.00            Campa Casca, €300.00            Campa Samhraidh €300.00            Campa Samhna €300.00            Dramaíocht €800.00            Cúrsaí Ealaíne €900.00            Ranganna Ceárdaíochta €900.00            Ranganna Amhránaíochta &amp; Ceol Uirlíse €900.00            Iomlán: €7,040</p>				
Páirtithe leasmhara:	Ionad an Chrois Bhealaigh (príomhúinéir), OPT (tacaíocht agus rannpháirtíochta), CSPTAM (tacaíocht agus rannpháirtíochta), daoine óga an LPT (rannpháirtíochta), tuismitheoirí an LPT (tacaíocht)				
Saolré:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€49,280				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€7,040 (meánchostas in aghaidh na bliana)				
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta Muintearas Teo.				
Dúshláin fhéidearthá agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh chun an t-ionad a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Rannpháirtíochta a spreagadh iontú trí deis a thabhairt dóibh ábhair agus imeachtaí ar mhaith leo a bheith páiteach iontú a roghnú</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Aiseolas ó rannpháirtithe & aiseolas rialta ó fhoireann oibre Ionad an Chrois Bhealaigh, faoi éifeacht an cur i bhfeidhm an pholasáí teanga, faoin úsáid a bhaintear as an ionad, faoin cheleachtas teanga a bhíonn i bhfeidhm ann ag na cruinnithe míosúla a luaitear faoi Bheart 6.2.1.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheofar aiseolas rialta ó bhainistíocht an Ionad faoi chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe míosúla a luaitear faoi Bheart 6.2.1.				

### 6.6.3. Traenáil a chur ar fáil do cheannairí na gClubanna Óige

Réimsí:	C	Critéir pleinála teanga:	10, 11, 12
Aidhm:	Traenáil a chur ar fáil do cheannairí na gclubanna óige/cumainn spóirt áitiúla, san dóigh go mbeidh eolas agus muinín acu i gcóras éifeachtach i dtaca le reáchtáil agus feidhmiú clubanna óige/cumainn spóirt.		
Eolas breise:	Muinín a chothú sna ceannairí go mbeidh siad an ann suim sna imeachtaí a spreagadh i measc na mball		
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir) Óige na Gaeltachta (tacaíocht) Muintearas (tacaíocht)		
Saolré:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€16,800.00		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400.00 (8 lá traenála in aghaidh na bliana ar chostas €300 an lá)		
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta Muintearas Teo. Óige na Gaeltachta		
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	<b>Dúshlán:</b> Cinnírí a aimsiú agus a spreagadh chun traenáil a thabhairt futhú. <b>Réitigh mholta:</b> Tacaíocht agus comhairle a lorg ó saineolaithe i réimse an óige. Tuairimí na ceannairí a lorg		
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Aiseolas agus tuairimí rialta a fháil ó rannpháirtithe na seisiún traenála i dtaca le héifeacht na seisiún traenála		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aiseolas rialta ó na cinnírí i dtaca le cur i bhfeidhm míreanna foghlamtha na seisiún traenála		

## 6.7. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais

### 6.7.1. Ranganna Gaeilge

Réimsí:	D, K	Critéir pleinála teanga:	11, 12, 19		
Aidhm:	Deiseanna foghlama agus labhartha a chur ar fáil do phobal an LPT agus an pobal a mhealladh i dtreo fhoghlaim agus labhairt na Gaeilge.				
Eolas breise:	Eagrófar ranganna Gaeilge agus ciorcail comhrá neamhfhoirmiúla sa LPT d'fhoghlaimeoirí, ag gach leibhéal, bunaithe ar éileamh ón phobal. Beidh na ranganna/ciorcail comhrá saor in aisce don phobal, agus cuirfear feachtas poiblíochta ar bun chun pobal an LPT a mhealladh i dtreo fhoghlaim agus labhairt na Gaeilge. Scaipfear foirmeacha aiseolais ar rannpháirtithe na ranganna agus na gciocal comhrá uair amháin in aghaidh na bliana ó Bhliain 2 ar aghaidh le heolas a bhailíú ó na rannpháirtithe i dtaca lena gcleachtas teanga agus le moltaí a fháil uathu.				
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), CSPTAM (tacaíocht agus poiblíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), pobal an LPT (rannpháirtfocth), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht)				
Saolré:	Bliain 1-2	Ullmhúchán agus réamhobair			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€25,200				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,200 (3 rang x 20 seachtain @ €40 don mhúinteoir + 1 chiorcal comhrá x 45 seachtain @ €40 <sup>24</sup> an ceann)				
Foinsí maoinithe:	An Bord Oideachais & Oiliúna				
Dúshlán fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtfocth an phobail a chinntiú.</p> <p><b>Réiteach molta:</b> Cuirfear feachtas spreagúil agus tarraigteach poiblíochta ar bun le rannpháirtithe a mhealladh. Chomh maith leis sin, meastar go gcuideoidh bearta eile sa phlean teanga seo (m.sh. Beart 6.4.4 (Scéim Cuairteanna Baile) agus araile) le daoine a spreagadh lena gcuid Gaeilge a fheabhsú.</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe achan bhliain le héifeacht an bhirt a mheas, mar a mhínítear thusa 'eolas breise'.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna agus ar na ciorcail chomhrá.				

<sup>24</sup> Meastar go gclúdóidh costas de €40 in aghaidh na seachtaine sólaistí, prioritál (de réir mar is cuí) agus dhá oíche shóisialta nó turas in aghaidh na bliana. Sa chás go n-eagraítear turas nach mbeidh clúdaithe ag an maoiniú seo, iarrfar ar na rannpháirtithe síntiús beag a thabhairt.

## 6.8. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

### 6.8.1. Comhpholasáí Teanga don Lucht Gnó, d'Eagraíochtaí Pobail agus do Chomharchumainn

Réimsí:	E, F	Critéir pleinála teanga:	3, 11, 13, 14, 15, 16, 18		
Aidhm:	Polasaí teanga láidir a bheith á chur i bhfeidhm ag eagraíochtaí agus coistí pobail, ag soláthróirí seirbhísí agus ag an lucht gnó.				
Eolas breise:	Déanfar comhpholasáí teanga a fhorbairt a bheidh fóirsteanach – nó ar féidir a chur in oiriúint – d'eagraíochtaí, do choistí, do ghnónna agus do chomharchumainn an LPT. Gheofar ionchur ó na grúpaí sin ar fad agus an polasaí á fhorbairt, agus iarrfar orthu ansin an polasaí a chur i bhfeidhm.				
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), CSPTAM (tacaíocht, ionchur agus rannpháirtíocht), lucht gnó an LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), baill coistí deonacha sa LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), eagraíochtaí agus comharchumainn an LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht agus comhairle)				
Saolré:	Bliain 1	Réamhobair agus forbairt an pholasaí			
	Bliain 2-7	Cur i bhfeidhm an pholasaí			
Costas measta iomlán:	€28,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,000 ó Bhliain 1-7 (le tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí/coistí/gnónna i dtaca le comharthaíocht, suiomhanna gréasáin, stáiseanóireacht agus ábhar eile)				
Foinsí maoinithe:	Foras na Gaeilge & Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta				
Dúshlán fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht a spreagadh i measc an luchta gnó, na neagraíochtaí agus na gcoistí agus iad a spreagadh leis an chomhpholasáí a chur i bhfeidhm.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Úsáidfear cur chuige rannpháirtíoch agus an polasaí á ullmhú agus spreagfar na grúpaí éagsúla lena n-ionchur féin a bheith acu sa pholasaí. Chomh maith leis sin, eagrófar cruinnithe le heagraíochtaí, le coistí agus le gnónna aonair de réir mar is gá chun a gcuid buarthaí a phlé (más ann dóibh) agus chun teacht ar bhealach leis an pholasaí a chur in oiriúint dá réimse oibre féin. Pléifear festa an fiúntas a bhaineann leis an Ghaeilge mar uirlis mhargaíochta. Meastar chomh maith go gcuideoidh sé gnónna a spreagadh le bheith rannpháirtíoch más féidir ábhar tacaíochta a thairiscint saor in aisce (maoinithe tríd an phlean teanga, trí Scéim Tacáfochta Gnó Fhoras na Gaeilge nó trí scéimeanna eile den chineál sin).</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhírt:	Cuirfear amach suirbhé gearr le linn Bhliain 4 agus le linn Bhliain 6 nó 7 chun aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara i dtaca le héifeacht an bhírt sin, i. an bhfeictear don ghnó/eagraíocht/coiste go dtaitníonn sé le custaiméirí/baill níos mó Gaeilge a bheith in úsáid, an bhfuil aon mhéadú tagtha ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge leo (idir chustaiméirí agus bhaill/fhoireann), srl.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhírt:	Coinneofar taifead ar líon na ngnónna/na n-eagraíochtaí/na gcoistí a bhfuil an comhpholasáí á chur i bhfeidhm acu agus eagrófar cruinnithe leo ar bhonn bliantúil (nó níos minice de réir mar is cuí) le plé a dhéanamh ar láidreachtaí agus ar laigí an pholasaí, ar dheacracht ar bith a bhaineann lena chur i bhfeidhm, agus ar bhealaí leis an pholasaí a láidriú/cur leis in imeacht ama.				

### 6.8.2. Turasóireacht Chultúrtha

Réimsí:	E	Critéir pleanála teanga:	13, 14, 15
<b>Aidhm:</b>		Cur le húsáid na Gaeilge i measc an luchta gnó agus eagraíochtaí sa LPT trí fhiúntas agus tábhacht na Gaeilge i saol eacnamaíochta an LPT a thomhas agus tortháí taighde a chur i láthair an phobail agus na hearnála gnó agus turasóireachta.	
<b>Eolas breise:</b>		Déanfar taighde a choimisiúnú ar bhuntáistí eacnamaíochta na Gaeilge don LPT, go háirithe ó thaobh cúrsaí gnó agus turasóireachta de. Déanfar torthaí an taighde a fhoilsíú agus a chur i láthair phobal, lucht gnó agus eagraíochtaí an LPT. Bainfear úsáid as torthaí an taighde seo le linn thréimhse feidhmithe an phlean teanga mar chuid de bhearta feasachta eile.  Mura dtig an maioniú a fháil le taighde a choimisiúnú, tabharfaidh an OPT faoin taighde le tacáiocht ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.	
<b>Páirtithe leasmhara:</b>		An cheanneagraíocht (príomhúinéir), OPT (tacaíocht), CSPTAM (tacaíocht), Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (tacaíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht), Comhairle Contae Dhún na nGall (tacaíocht), Fáilte Éireann (tacaíocht), An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (tacaíocht)	
<b>Saolré:</b>	Bliain 2 Bliain 3	Taighde a dhéanmhaí Anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean	
	Bliain 4-7	Torthaí taighde a sheoladh agus a úsáid le feachtas feasachta eile a láidriú	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€12,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>		Meastar go gcaithfear formhór an €12,000 le linn Bhliain 2 agus an taighde á dhéanamh. Is ar ábhar feasachta agus poiblíochta (seoladh an taighde san áireamh) a chaithfear an chuid eile den maioniú.	
<b>Foinsí maoinithe:</b>		An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, & Fáilte Éireann	
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>		<b>Dúshláin:</b> Maioniú a fháil chun taighdeoirí a earcú. <b>Réitigh mholtá:</b> Rachfar i dteaghmháil le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le feiceáil an mbeadh féidearthachtaí ann ó thaobh mic léinn a chur i mbun an taighde nó codanna den taighde, nó tabharfaidh na hOPTanna faoin taighde.	
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>		Meastar go gcuvideoidh an beart seo an lucht gnó, eagraíochtaí, srl. a spreagadh le bheith rannpháirtíoch i mBeart 6.7.1 agus go mbeidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil, dá bharr, sa líon gnónna, eagraíochtaí, srl. a chuirfidh an compholasaí teanga i bhfeidhm.	
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>		Leagfar amach scála ama don taighde agus déanfar cinnte go mbaintear na spriocanna éagsúla amach.	

### 6.8.3. Comharthaíocht Phoiblí

Réimsí:	E, F, I, K	Critéir pleanála teanga:	15
<b>Aidhm:</b>	Feiceálacht na Gaeilge sa LPT a mhéadú.		
<b>Eolas breise:</b>	<p>Oibreofar i gcompháirtíocht le coistí pleanála teanga eile sa chontae chun a chinntiú go mbeidh polasaithe phlean teanga Chomhairle Contae Dhún na nGall don Ghaeltacht ag teacht le agus ag tacú le cur i bhfeidhm phleananna teanga na LPTanna ó thaobh comharthaíochta poiblí de.</p> <p>Féadfar coiste a bhunú le hionadaithe ó na coistí agus ó na ceanneagraíochtaí pleanála teanga uilig sa chontae agus cruinnithe a reáchtáil idir iad agus an Chomhairle Contae le plé a dhéanamh ar chúrsaí pleanála teanga agus Gaeltachta ar bhun rialta.</p>		
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	CSPTAM (príomhúníneir), OPT (tacaíocht agus comhairle), an cheanneagraíocht (tacaíocht), ceanneagraíochtaí agus coistí pleanála teanga eile i nDún na nGall (rannpháirtíocht agus tacaíocht), Comhairle Contae Dhún na nGall (rannpháirtíocht agus tacaíocht)		
<b>Saolré:</b>	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt	
<b>Costas measta iomlán:</b>	€12,000.00		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	€2,000.00		
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta		
<b>Dúshlán fhéidearthá agus réitigh:</b>	Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.		
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Ag deireadh gach bliana déanfar teagmháil le coistí pleanála teanga in LPTanna eile le héifeacht an bhirt seo a phlé.		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneoidh CSPTAM cuntas ar chur i bhfeidhm an bhirt sa mhéid agus a bhaineann sé le LPT Árainn Mhór agus cuirfidh siad tuairisc rialta ar fáil don OPT.		

#### 6.8.4. An Tairiscint Ghníomhach, Aitheantas agus Gradam Gnó

Réimsí:	E	Critéir pleinála teanga:	11, 12, 13		
<b>Aidhm:</b>	Go mbeidh rogha teanga curtha ar fáil do chustaiméirí i ngnólacthaí áitiúla - An Tairiscint Ghníomhach a normalú & go mbeidh aitheantas agus Gradam Gnó bronnta uair sa bhliain ar ghnólachtaí a mbíonn iarrachtaí fiúntacha ar bun acu chun aidhmeanna an bhirt a chur i bhfeidhm.				
<b>Eolas breise:</b>	<p>Beidh mar thoradh ar an Tairiscint Ghníomhach, rogha teanga ag daoine. Cuirfear iarrachtaí gníomhach ar bun chun nósmaireacht &amp; cleachtas teanga a athrú in eagraíochtaí nach bhfuil an córas i bhfeidhm iontú. Ní bheidh i gceist teanga faoi leith a bhrú ar chustaiméirí ach iad a chur ar an eolas faoi iarrachtaí atá ar bun chun an Gaeilge a neartú agus a normalú ina gcomhthéasc oibre.</p> <p>Ag deireadh tréimhse bliana, tabharfar aitheantas/Gradam Gnó do chomhlachtaí a bhfuil dul chun cinn fiúntacha déanta acu ó thaobh cur i bhfeidhm an bhirt.</p>				
<b>Páirtithe leasmhara:</b>	OPT(príomhúinéir), CSPTAM (tacaíocht agus poiblíocht), an Cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), eagrais/eagrais turasóireachta an LPT (ranpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) Foras na Gaeilge (tacaíocht)				
<b>Saolré:</b>	Bliain 1	Ullmhúchán agus réamhobair			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
<b>Costas measta iomlán:</b>	<p>€4,800.00 (traenáil)      €1,800.00 (Poiblíocht)  <u>€9,600.00</u> (Aitheantais/Gradam Gnó)      €16,200.00 Costas Measta Iomlán</p>				
<b>Costas measta in aghaidh na bliana:</b>	<p>Ceithre sheisiún traenála in aghaidh na bliana <math>\text{€}200.00 \times 4 = \text{€}800.00</math>      Feachtas poiblíochta €300.00 in aghaidh na bliana      Duaiseanna Aitheantais/Gradam Gnó €1600.00 in aghaidh na bliana</p>				
<b>Foinsí maoinithe:</b>	Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall.				
<b>Dúshláin fhéideartha agus réitigh:</b>	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht na n-eagras a chinntíú  <b>Réiteach molta:</b> Cuirfear feachtas spreagúil agus tarraingteach poiblíochta ar bun le rannpháirtithe a mhealladh. Cuirfear gnólachtaí ar an eolas faoi duaiseanna aitheantais/Gradam Gnó.      Fiúntas &amp; tabhácht na Gaeilge mar rogha teanga do chustaiméirí a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí</p>				
<b>Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:</b>	Scaipfidh an OPT foirmeacha aiseolais ar bhainistíocht na n-eagras gach bhliain chun a gcuid tuairimí i dtaca le héifeacht an bhirt a mheas,				
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Coinneofar taifead ar na n-eagras atá páirteach sa bheart, a ghníomhachtaí, lorgofar aiseolas uathu agus déanfar gach iarracht cur chuige nua a aimsiú agus a feidhmiú de réir mar a thagann an riachtanas sin anós.				

## 6.9. Na Meáin Chumarsáide

### 6.9.1. Na Meáin Chumarsáide

Réimsí:	D, G	Critéir pleinála teanga:	6, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	Daoine óga a spreagadh i dtreo teagháil a bheith acu leis an Ghaeilge sna meáin chumarsáide.				
Eolas breise:	<p>Reáchtálfar comórtais bunaithe ar léiriúcháin agus ar chláir ábhartha ó mheáin chumarsáide na Gaeilge, m.sh.:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sraith tráth na gceist a reáchtáil bunaithe ar chlár/sraith clár ar TG4;</li> <li>• Comórtas scríbhneoireachta a reáchtáil ina gcaithfí léirmheasanna/tuairiscí a scríobh faoi chlár/sraith clár</li> </ul> <p>Gheofar urraíocht le duaiseanna a chur ar fáil do na comórtais agus reáchtálfar ócadí bronnta, m.sh. 'Gradaim na Meán'. I gcás ábhar scríofa, d'fhéadfá saothar na mbuaiteoirí a fhoilsíú i bhfoilseacháin áitiúla nó a chur ar taispeáint in Ionad an Chrois Bhealaigh nó sa Chultúrlann.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPT (promhúinéir), CSPTAM (tacaíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht, urraíocht a aimsiú), múinteoirí bunscoile agus meánscoile an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht i gcomórtais a eagraítear trí na scoileanna), tuismitheoirí an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht i gcomórtais a eagraítear taobh amuigh den chóras oideachais), óige an LPT (rannpháirtíocht) Raidió na Gaeltachta				
Saolré:	Bliain 1	Ullmhúchán, aimsiú urraíochta, srl.			
	Bliain 2-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€6,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000				
Foinsí maoinithe:	Raidió na Gaeltachta, Éalaín na Gaeltachta Teo agus urraitheoirí eile le haimsiú				
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh le páirt a ghlaicadh sna comórtais.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Cuirfear duaiseanna tarraigteacha ar fáil, idir airgead tirim agus duaiseanna de chineálacha eile (m.sh. earraí teicneolaíochta, dearbháin, turais); reáchtálfar cuid de na comórtais trí na scoileanna.</p> <p><b>Dúshlán:</b> Urraíocht a aimsiú.</p> <p><b>Réitigh mholta:</b> Cuirfear na buntáistí a bhainfidh leis an bheart seo i láthair na n-urraitheoirí féidearthachta; tairgeofar poiblíocht saor in aisce d'urraitheoirí ar shuíomh gréasáin na ceanneagraíochta agus ar na meáin shóisialta; cuirfear in iúl d'urraitheoirí féideartha go luíonn a leithéid de thacaíocht le prionsabail na freagrachta sóisialta corporáidí.</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Déanfar suirbhé bliantúil (Bliain 2-7) leis na daoine óga, trí na scoileanna, ina gcuirfear ceisteanna faoin teagháil a bhíonn acu leis na meáin Ghaeilge.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine óga a bhíonn páirteach sna comórtais.				

## 6.10. Seirbhísí Poiblí

### 6.10.1. Seirbhísí Eaglasta

Réimsí:	H	Critéir pleinála teanga:	2, 3, 9, 14, 15, 16		
Aidhm:	Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a normalú sna seirbhísí atá á soláthar ag an Eaglais sa LPT.				
Eolas breise:	<p>Déanfar tógál ar an mhéid Gaeilge atá in úsáid sna seirbhísí eaglasta agus oibreofar i dtreo seirbhísí go hiomlán trí Ghaeilge a chur ar fáil go céimiúil ar bhunús rialta sa todhchaí.</p> <p>Déanfar rannpháirtíocht i nGaeilge san Aifreann a spreagadh trí shleachta as an Soiscéal Naofa trí Ghaeilge a dháileadh ar léitheoirí an Aifrinn.</p> <p>Cuirfear leagan Gaeilge d'fhógraí na nuachtltreacha agus de na chártaí Afrinn ar fáil le tacáiocht ó CSPTAM agus ón OPT.</p>				
Réasúnaíocht:	<p>Go traidisiúnta sa LPT scaiptear an nuachtlitir sheachtainiúil áitiúil, a chuireann cléir an cheantair i gceann a chéile, ar an phobal tríd na seirbhísí eaglasta atá á soláthar ag an Eaglais sa LPT. Cé go bhfuil na meáin shóisialta á n-úsáid go forleathan sa LPT chun eolas a scaipeadh, glactar leis go bhfuil nuachtlitir Theach an Phobail ar an chóras is éifeachtaí chun fógraí pobail a scaipeadh go forleathan sa LPT.</p> <p>D'fhreastail ionadaí ó Eaglais an LPT ar chruinnithe CSPTAM agus chuir an chléir moltaí chun tosaigh i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge san Eaglais sa LPT.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPTanna (príomhúinéiri), soláithreoirí seirbhísí eaglasta an LPT (rannpháirtíocht), Oifig Dheoise Ráth Bhoth (tacaíocht), CSPTAM (tacaíocht), Gael Linn (tacaíocht) Glór na nGael (tacaíocht)				
Saolré:	Bliain 1-2	Socruite aontú agus dea-chleachtas a bhunú			
	Bliain 3-7	Feidhmiú de réir dea-chleachtais aontaithe			
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.				
Dúshláin fhéidearthá agus réitigh:	Bhí ionchur ag an Eaglais i ndréachtú na mbeart, mar sin ní shamhlaítear go mbeidh aon deacrachartaí le sárú i dtaca le cur i bhfeidhm an bhirt seo.				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Beidh cumarsáid rialta ar bun idir na páirtithe leasmhara ar fad chun dul chun cinn a mheas.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cinnteoidh an OPT go bhfuil an beart á chur i bhfeidhm.				

## 6.11. Pleanáil agus Forbairt Thisiceach

### 6.11.1. Ionad Buail Isteach

Réimsí:	C, I, J	Critéir pleanála teanga:	2, 8, 10, 11, 12, 19
Aidhm:	Tearmann teanga a fhorbairt sa LPT do lucht labhartha na Gaeilge, go háirithe daoine óga.		
Eolas breise:	Bunófar Ionad Buail Isteach (sa Chultúrlann) ina mbeidh daoine óga agus cainteoirí Gaeilge eile ábalta teacht le chéile. Cuirfear polasaí teanga i bhfeidhm san ionad agus eagrófar imeachtaí tarraigteacha trí Ghaeilge chun lucht freastail an ionaid a spreagadh le Gaeilge a úsáid. Bheifí ag súil go ndéanfadh an beart seo úsáid na Gaeilge a neartú sa LPT i measc daoine óga agus cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht (priomhúinéir), OPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht), CSPTAM (tacaíocht agus rannpháirtíocht), daoine óga an LPT (rannpháirtíocht), tuismitheoirí an LPT (tacaíocht)		
Saolré:	Bliain 1-7	Feidhmiú an bhirt	
Costas measta iomlán:	€27,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,857.14 (meánhostas in aghaidh na bliana) <sup>25</sup>		
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Muintearas Teo, Comhairle Chontae Dhún na nGall.		
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Daoine óga a spreagadh chun an t-ionad a úsáid.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Cuirfear imeachtaí tarraigteacha ar bun don óige; d'fhéadfáí iarraidh ar choiste an chlub óige (grúpa 2 – Beart 6.5.1 Club Óige) feidhmiú mar choiste stiúrtha don ionad ionas go mbeadh úinéireacht ag óige an oiléáin ar an ionad.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Gheofar aiseolas rialta ón cheanneagraíocht (atá lonnaithe sa Chultúrlann) faoin úsáid a bhaintear as an ionad agus faoin chleachtas teanga a bhíonn i bhfeidhm ann ag na cruinnithe míosúla a luaitear faoi Bheart 6.2.1.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Gheofar aiseolas rialta ón cheanneagraíocht (atá lonnaithe sa Chultúrlann) faoi chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe míosúla a luaitear faoi Bheart 6.2.1.		

<sup>25</sup> Tá briseadh síos iomlán ar na costais a bhaineann leis an bheart seo i mír 7 den phlean teanga.

## 6.12. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 6.12.1. Féilte Áitiúla agus Imeachtaí Sóisialta

Réimsí:	J, K	Critéir pleinála teanga:	10, 11, 12
Aidhm:	Cinntiú go mbeidh ról lárnach ag an Ghaeilge i bhfeiltí áitiúla agus sóisialta an oiléain.		
Eolas breise:	Déanfaidh an OPT teagmháil le lucht eagraithe féilte sa LPT agus le lucht eagraithe imeachtaí sóisialta eile lena spreagadh le ról lárnach a thabhairt don Ghaeilge ag na féilte/imeachtaí. Cuirfear spreagadh seachtrach (i bhfoirm maoinithe) ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí a bheidh sásta coinníollacha teanga (aontaithe roimh ré leis an OPT) a chomhlíonadh.		
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), lucht eagraithe na bhféilte agus imeachtaí sóisialta (rannpháirtíocht agus tacaíocht), CSPTAM (tacaíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht)		
Saolré:	Bliain 2-7	Feidhmiú an Bhirt	
Costas measta iomlán:	€15,000		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,500 (€500 an ceann do cheithre fhéile áitiúla le linn na bliana agus €500 le roinnt idir imeachtaí éagsúla sóisialta)		
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta (trí Scéim na bhFéilte), BIM (FLAG)		
Dúshláin fhéideartha agus réitigh:	<b>Dúshlán:</b> Lucht eagraithe na bhféilte/na n-imeachtaí a spreagadh le bheith ranpháirtíteach sa bheart seo. <b>Réiteach molta:</b> Cuirfear tacaíocht airgeadais agus eile (m.sh. ionad a chur ar fáil tríd an cheanneagraíochta, poiblíocht saor in aisce a thabhairt don fhéile/imeacht ar na meáin shóisialta agus ar shuíomh gréasáin CSPTAM, srl.) ar fáil don lucht eagraithe. <b>Dúshlán:</b> Úsáid na Gaeilge a chinntiú ag na féilte/imeachtaí. <b>Réiteach molta:</b> Déanfar sonraí na n-imeachtaí trí Ghaeilge/úsáid na Gaeilge a phlé agus a aontú sula n-íocfar aon deontas tacaíochta.		
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na n-imeachtaí (imeachtaí mar chuid d'fhéilte agus imeachtaí aonair) a reáchtáiltear trí Ghaeilge.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na n-imeachtaí (imeachtaí mar chuid d'fhéilte agus imeachtaí aonair) a reáchtáiltear trí Ghaeilge.		

### 6.12.2. Oiliúint a chur ar fáil d'Áisitheoirí/Stiúrthóirí Cumann Spóirt agus Caitheamh Aimsire

Réimsí:	C, D, J	Critéir pleinála teanga:	2, 8, 10, 11, 12		
Aidhm:	Úsáid na Gaeilge a mhéadú le linn imeachtaí traenála spóirt agus caitheamh aimsire.				
Eolas breise:	<p>Cuirfear cúrsaí Gaeilge ar fáil a bheidh in oiriúint do stiúrthóirí cumann spóirt agus ionaid caitheamh aimsire, do theagascóirí, do thraenálaithe agus do dhaoiné deonacha a chuireann caitheamh aimsire ar fáil sa LPT a chuirfidh ar a gcumas úsáid na Gaeilge a mhéadú le linn seisiún traenála agus caitheamh aimsire eile. Mar chuid de sin cuirfear ábhar tacaíochta ar fáil a chuideoidh leis na daoine sin saintéarmaí a fhoghlaim a bhaineann leis an chaitheamh aimsire lena mbíonn siad ag plé.</p> <p>Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe ag deireadh gach bliana (Bliain 3-7) le haiseolas a fháil maidir le héifeacht an bhirt (i. cé mhéad Gaeilge a úsáideann siad agus iad ag plé leis na daoine óga) agus le moltaí a fháil chun an beart a dhéanamh níos éifeachtaí.</p>				
Páirtithe leasmhara:	OPT (príomhúinéir), soláthróirí/áisitheoirí caitheamh aimsire an LPT (rannpháirtíocht agus tacaíocht), CSPTAM (tacaíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht)				
Saolré:	Bliain 2	Réamhobair (m.sh. dearadh an chúrsa)			
	Bliain 3-7	Feidhmiú an bhirt			
Costas measta iomlán:	€4,000				
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (1 rang x 20 seachtain @ €40 don mhúinteoir) <sup>26</sup>				
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta (Scéim na Ranganna Gaeilge)				
Dúshlán fhéideartha agus réitigh:	<p><b>Dúshlán:</b> Rannpháirtíocht na gcumann agus na n-eagraíochtaí a chinntiú.</p> <p><b>Réitigh mholtá:</b> Rachfar i mbun plé leis na cumainn agus leis na heagraíochtaí chun na buntáistí a bhainfeadh leis an bheart seo (ó thaobh na Gaeilge de agus mar bhealach chun tuilleadh rannpháirtithe a mhealladh chuig an chaitheamh aimsire atá idir láimha acu); déanfar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an bhirt seo achan bhliain le cinntiú go gcuirfear moltaí na rannpháirtithe i bhfeidhm agus go ndéanfar an freastal is fearr agus a thig ar a gcuid riachtanas.</p>				
Monatóireacht ar éifeacht na bhirt:	Gheofar aiseolas ó na rannpháirtithe maidir le héifeacht an bhirt trí na foirmeacha aiseolais a luaitear faoi 'eolas breise'.				
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na cúrsaí.				

### 6.13. Saolré na mBeart

Déantar achoimre i bhfoirm chairt Gantt ar an chéad leathanach eile ar shaolré na mbeart uilig sa phlean teanga seo.

<sup>26</sup> Meastar go mbeidh costas ar bith a bhaineann le prioritáil, srl. clúdaithe faoi Bheart 6.2.1.

	Réamhobair, ullmhúchán, taighde, srl.
	Feidhmiú an bhirt

Príomhréimse	Beart:	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Feidhmiú an Phlean Teanga	6.3.1							
	6.3.2.							
	6.3.3							
A	6.4.1							
	6.4.2							
	6.4.3							
	6.4.4							
B	6.5.1							
	6.5.2							
	6.5.3							
	6.5.4							
C	6.6.1							
	6.6.2							
	6.6.3							
D	6.7.1							
E & F	6.8.1							
	6.8.2							
	6.8.3							
	6.8.4							
G	6.9.1							
H	6.10.1							
I	6.11.1							
J	6.12.1							
	6.12.2							

Tábla 6.1: Saolré na mBeart

## 7. Costais agus Maoiniú

Tá briseadh síos curtha ar fáil ar na costais a bhaineann le cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga i mír 6 den phlean.

### 7.1. Costais

Baineann na costais leis an phlean a chur i bhfeidhm go héifeachtach le costais earcaíochta foirne, costais riarracháin oifige agus na costais a bhaineann le haidhmeanna na mbeart a chomhlíonadh.

Obair dhúshlánach, chéimnithe a bheidh i gceist agus beidh sé riachtanach go mbeidh sé ar chumas na ceanneagraíochta beirt fhostaithe a earcú chun dul i mbun na hoibre sin. Beidh tiomantas agus móiminteam leanúnach ag teastáil chun aidhmeanna agus spriocanna an phlean a bhaint amach. Níl sé indéanta do dhaoine aonaracha agus d'oibrithre deonacha, a bhfuil cúramí oibre eile orthu, an fhreagracht i dtaca le cur i bhfeidhm an phlean a ghlacadh idir lámha gan an tacaíocht inmheánach a bheadh ar fáil ó fhostaithe ceaptha a mbeadh na cálíochtaí cuí acu.

Déantar coimriú ar leathanach 53 ar na costais éagsúla de réir bliana.

### 7.2. Maoiniú

Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, trí Údarás na Gaeltachta, an plean teanga seo a mhaoiniú. Déanfaidh an cheanneagraíocht, i gcomhar leis na OPTanna, iniúchadh rialta ar na cláir mhaoinithe agus scéimeanna tacaíochta eile don Ghaeilge<sup>27</sup> de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn, chun a n-oriúint a mheas mar fhéidearthachtaí le maoiniú breise a fháil chun bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt más gá.

### 7.3. Eolas breise faoi Chostas na mBeart

#### 7.3.1. Beart 6.3.1: Feidhmiú an Phlean Teanga

Léirítéar sa tábla thíos an costas a bhainfeadh tuarastal an OPT amháin a fhostú:

Oifigeach Feidhmiúcháin							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Tuarastal (Pinsean san áireamh)</b>	€35,000.00	€37,500.00	€40,000.00	€42,500.00	€45,000.00	€47,500.00	€50,000.00

Tábla 7.1: Tuarastal an OPT

Chomh maith le tuarastal an oifigeach, beidh costais reatha agus oifige ag teastáil faoin bheart seo, rud a chuirfidh ar chumas an OPT cuid mhaithe de na bearta eile sa phlean a chur i bhfeidhm gan costas breise ar bith. Meastar mar sin gur idir €48,500.00 agus €60,000.00 in aghaidh na bliana a bheidh ag teastáil leis an bheart seo a chur i bhfeidhm:

<sup>27</sup> Mar shampla: Clár LEADER, Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Scéim na bhFéilte, an Chomhairle Ealaón, Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta us Gaeltachta.

Beart 6.3.1- Clár Caiteachais							
	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>Earcaíocht</b>	€1,500.00	-	-	-	-	-	-
<b>Taisteal</b>	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00
<b>Costais reatha &amp; oifige<sup>28</sup></b>	€7,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00	€5,000.00
<b>Fo-ionmlán</b>	<b>€13,500</b>	<b>€10,000</b>	<b>€10,000</b>	<b>€10,000</b>	<b>€10,000</b>	<b>€10,000</b>	<b>€10,000</b>
<b>Iomlán (le tuarastal)</b>	<b>€48,500.00</b>	<b>€47,500.00</b>	<b>€50,000.00</b>	<b>€52,500.00</b>	<b>€55,000.00</b>	<b>€57,500.00</b>	<b>€60,000.00</b>

Tábla 7.2: Costais Bheart 6.3.1

Tiocfaidh cíos agus árachas faoi chostais na ceanneagraíochta.

### 7.3.2. Beart 6.3.2: Suíomh Gréasáin

Dar le Granite Digital (glaoch guthán, 6 Nollaig 2017) go dteastódh idir 10 agus 12 lá lena leithéid de shuíomh a dheardadh, a fhorbairt, a tháistíl agus a chur beo, rud a chosnódh c. €6,500. Is táille €500 in aghaidh na bliana a bhíonn i gceist le hóstáil. Cuirtear €500 san áireamh i mbliain 1 do sheoladh an tsuímh festa.

### 7.3.3. Bearta 6.4.2 agus 6.4.3: Scéim na gCúntóirí Teanga

Faoi láthair, íocatar an cúntóir teanga sna bunscoileanna as 14 huairé in aghaidh na seachtaine ar feadh 26 seachtain. Faoin bheart seo, cuirfear deich seachtaine bhreise leis an scéim, rud a chlúdóidh na 36 seachtain a mbíonn na bunscoileanna ag feidhmiú lena linn:

Beart 6.4.2: Scéim na gCúntóirí Teanga - Bunscoil		
Ráta:	Líon uaireanta le cur leis an scéim:	Fo-ionmlán in aghaidh na bliana:
€22.00/uair	140 (14 huairé x 10 seachtaine)	€3,080.00

Tábla 7.3: Costais Bheart 6.4.2

Níl cúntóir teanga ar bith ag feidhmiú i nGairmscoil Mhic Dara. Faoi Bheart 6.4.3, cuideofar le Bord Bainistíochta Ghairmscoil Mhic Diarmada agus le coiste na dtuismitheoirí sa scoil cur isteach ar Scéim na gCúntóirí Teanga. Má éiríonn leis an iarracht seo, bheadh sé i gceist faoin bheart seo an cúntóir teanga a foc do na seacht seachtaine nach mbeidh clúdaithe faoin scéim go mbainfear amach aidhm fhadtéarmach an bhirt. Mura n-éiríonn leis an iarracht, déanfaidh post an chúnatóra teanga a mhaoiniú tríd an phlean ar feadh 33 seachtain agus an mheánscoil ar oscailt.

Beart 6.4.3: Scéim na gCúntóirí Teanga - Meánscoil			
	Ráta:	Líon uaireanta le cur leis an scéim:	Fo-ionmlán in aghaidh na bliana:
<b>Íosmhéid:</b>	€22.00/uair	49 (7 huairé x 7 seachtaine)	€1,078.00
<b>Uasmhéid:</b>	€22.00/uair	231 (7 huairé x 33 seachtaine)	€5,082.00

Tábla 7.4: Costais Bheart 6.4.3

<sup>28</sup> Mar shampla, leictreachas, idirlón, guthán, teas, stáiseanóireacht, prioritál, fótachóipeáil, poiblíocht, fógraíocht, trealamh, srl.

### 7.3.4. Beart 6.5.1: Grúpa Súgartha

Beart 6.5.1: Grúpa Súgartha - Clár Caiteachais						
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
€3000 <sup>29</sup>	€3000	€3000	€3000	€3000	€3000	€3000

Tábla 7.5: Costais Bheart 6.5.1

Tiocfaidh costais páipéarachais, fótachóipeála, srl. faoi Bheart 6.3.1.

### 7.3.5. Beart 6.5.3: Seirbhísí Tacaíochta Teanga do Thuismitheoirí

Beart 6.5.3: Grúpa Súgartha - Clár Caiteachais						
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
-	€2,400	€2,400	€2,400	€2,400	€2,400	€2,400

Tábla 7.6: Costais Bheart 6.5.3

Meastar nach dteastóidh ach leath den mhaoliniú bliantúil do Bhliain 2 de bharr go mbeidh cuid den bhliain sin caite faoin am a bheidh an beart á chur i bhfeidhm ina ionmláine.

### 7.3.6. Beart 6.11.1: Ionad Buail Isteach

Beart 6.11.1: Ionad Buail Isteach - Clár Caiteachais						
Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
€15,000 (athchóiriú ar an áit, ábhar agus trealamh teicneolaíochta <sup>30</sup> a cheannach)	€2000	€2000	€2000	€2000	€2000	€2000

Tábla 7.7: Costais Bheart 6.11.1

<sup>29</sup> Le cluichí cluichí, bréagán, srl. i nGaeilge a cheannach.

<sup>30</sup> I dtaca le trealamh teicneolaíochta, beidh córas fuaime agus scannánaíochta (m.sh. teilgeoir digiteach) agus ceangal láidir leathanbhanda ag teastáil.

Réimse	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
<b>6.2: Feidhmiú an Phlean Teanga</b>							
6.3.1	€48,500.00	€47,500.00	€50,000.00	€52,500.00	€55,000.00	€57,500.00	€60,000.00
6.3.2	€7,500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00	€500.00
6.3.3	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00	€456.00
<b>6.3: An Córás Oideachais</b>							
6.4.1	-	-	-	-	-	-	-
6.4.2	€3,080.00	€3,080.00	€3,080.00	€3,080.00	€3,080.00	€3,080.00	€3,080.00
6.4.3 <sup>31</sup>	€5,082.00	€5,082.00	€5,082.00	€5,082.00	€5,082.00	€5,082.00	€5,082.00
6.4.4	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.4: Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghláigh</b>							
6.5.1	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
6.5.2	-	-	-	-	-	-	-
6.5.3	-	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00
6.5.4	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00	€3,000.00
<b>6.5: Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile</b>							
6.6.1	€4,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00	€8,000.00
6.6.2	€7,040.00	€7,040.00	€7,040.00	€7,040.00	€7,040.00	€7,040.00	€7,040.00
6.6.3	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00	€2,400.00
<b>6.6: Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chórás Oideachais</b>							
6.7.1	-	€4,200.00	€4,200.00	€4,200.00	€4,200.00	€4,200.00	€4,200.00
<b>6.7: An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>							
6.8.1	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00	€4,000.00
6.8.2 <sup>32</sup>	-	€10,000.00	€10,000.00	€1,000.00	-	-	-
6.8.3	-	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00	€2,000.00
6.8.4	-	€2,700.00	€2,700.00	€2,700.00	€2,700.00	€2,700.00	€2,700.00
<b>6.8: Na Meáin Chumarsáide</b>							
6.9.1 <sup>33</sup>	-	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00	€1,000.00
<b>6.9: Seirbhísí Poiblí</b>							
6.10.1	-	-	-	-	-	-	-
<b>6.10: Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach</b>							
6.11.1	€15,000.00	€2000.00	€2000.00	€2000.00	€2000.00	€2000.00	€2000.00
<b>6.11: Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>							
6.12.1	-	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00	€2,500.00
6.12.2	-	-	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00	€800.00
<b>Iomlán</b>	<b>€103,058.00</b>	<b>€110,858.00</b>	<b>€114,158.00</b>	<b>€107,658.00</b>	<b>€109,158.00</b>	<b>€111,658.00</b>	<b>€114,158.00</b>

Tábla 7.8: Costais Feidhmithe and Phlean Teanga de réir bliana

<sup>31</sup> Glahtar leis don mheastachán seo go mbeidh uaireanta iomlána an chúnntóra teanga á mhaoiniú tríd an phlean don chéad dá bhliain d'fheidhmiú an phlean, ach go mbeidh 26 seachtain á maoiniú ag Muintearas ó Bhliain 3 ar aghaidh (féach rannóg 7.3.3).

<sup>32</sup> Braitheann an briseadh síos bliantúil i gcás an bhírt seo ar an chur chuige a úsáidfear. Ní gó gur mar seo a bheidh sé.

<sup>33</sup> Ní chuirtear na costais a bhainfidh leis an bheart seo san áireamh anseo de bharr gur urraíocht sheachtrach a bheidh i gceist.

## 8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Chun feasacht an phobail a ardú i dtaca le pleanáil teanga agus leis an phlean teanga, beidh i dtús báire cúraimí feasachta agus poiblíochta á gcomhlíonadh ag CSPTAM go dtí go bhfostófar na hOPTanna. Aistreofar na cúraimí sin anonn go dtí na hOPTanna, ach beidh gníomhaíochtaí feasachta agus poiblíochta fós á stiúradh agus faoi chomhairle CSPTAM.

### 8.1. Feasacht Teanga

Eagrófar feachtas feasachta teanga chun eolas a chur ar fáil a chuideoidh le CSPTAM rannpháirtíocht a spreagadh i measc an phobail agus a mhéadófar tuiscint an phobail ar a bhfuil i gceist leis an phróiseas pleanála teanga.

Ag baint úsáide as an taighde a rinneadh mar chuid de phróiseas ullmhúcháin an phlean teanga seo agus as taighde eile, cuirfear os comhair an phobail:

- Dearcadh an phobail i leith na Gaeilge sa LPT;
- Cleachtas, nósmaireacht agus úsáid na Gaeilge sa LPT;
- Comhthéacsanna agus suíomhanna úsáide na Gaeilge sa LPT;
- Buntáistí oideachasúla an dátheangachais;
- Buntáistí agus fiúntas eacnamaíochta na turasóireachta cultúrtha agus oidhreachta;
- Samplaí den dea-chleachtas i leith na Gaeilge (Gaeilge a labhairt ag túis comhrá, beannachtaí i nGaeilge, suíomhanna a labhraítear an Ghaeilge iontu cheana, srl.);
- Deiseanna úsáide na Gaeilge atá ar fáil cheana agus eolas i dtaca le deiseanna úsáide nua a eascróidh ón phlean teanga (ranganna, ciorcal comhrá, polasaithe teanga na n-eagras áitiúil, srl.) a chur os comhair an phobail;
- Naisc ársa lenár sinsear atá comhaimseartha agus ábhartha i gcónaí a léiriú (m.sh. logainmneacha).

### 8.2. Poiblíocht

Déanfar an phoiblíocht go dátheangach agus cuirfear eolas ar fáil go dátheangach<sup>34</sup> le cinntíú go mbeidh freastal a dhéanamh orthu siúd sa phobal nach bhfuil cur amach acu ar an Ghaeilge.

Bainfear úsáid as réimse poiblíochta chun eolas faoin phlean teanga a scaipeadh ar an phobal.

Scaipfear bileoga eolais a mbeidh achoimre shimplí iontu ar an phlean teanga. Scaipfear an t-eolas tríd an chóras poist chun a chinntíú go mbeidh an t-eolas faighe ag gach líon tí sa LPT.

Cuirfear póstaí eolais in airde go háitiúil sna háiteanna sa LPT is mó a ndéanann daoine freastal orthu/a dtagann an pobal i gceann a chéile iontu, m.sh. scoileanna an LPT, oifig an phoist, an t-ionad lae, Ionad an Chrois Bhealaigh, siopaí áitiúla, na báid farantóireachta, srl.

Iarrfar ar ionadaithe na n-eagras áitiúil a bheidh ar CSPTAM fiosrúcháin ón phobal i leith na pleanála teanga a fhreagairt.

Scaipfear eolas ar leathanach Facebook agus ar shuíomh gréasáin phleanáil teanga an LPT.

<sup>34</sup> Tabharfar túis áite don Ghaeilge i gcónaí agus ábhar dátheangach á dhearadh agus á scaipeadh.

## 9. Feidhmiú agus Monatóireacht

### 9.1. Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga

Neartófar agus leathnófar struchtúr comhpháirtíochta agus comhoibrithe le rannpháirtíocht ó na páirtithe leasmhara lena n-áirítear eagrais ghnó, eagrais fhorbartha pobail, eagrais turasóireachta, an Eaglais, tuismitheoirí agus soláthróirí seirbhísí oideachais sa LPT. Beidh ról comhoibrithe ag na comhpháirtithe go léir i bhfeidhmiú bhearta an phlean teanga, go háirithe sna réimsí a bhaineann leo go sonrach.

#### 9.1.1. Ról na Ceanneagraíochta

Bunóidh an cheanneagraíocht struchtúr comhpháirtíochta, idirghníomhaíochta chun a chinntíú go mbeidh éifeacht ag baint le cur i bhfeidhm agus le dul chun cinn an phlean agus chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an phlean teanga.

Beidh an cheanneagraíocht freagrach festa as:

- Earcú OPTanna agus soláthar suímh oibre do na hOPTanna (Beart 6.2.1);
- Leathnú Scéim na gCúntóirí Teanga sa LPT agus stocaireacht a dhéanamh chun an scéim a leathnú amach ar fud na Gaeltachta (Bearta 6.3.2 agus 6.3.3);
- Taighde a choimisiúnú ar thábhacht eacnamhaíochta na Gaeilge don LPT (Beart 6.7.2); agus
- Ionad Buail Isteach do dhaoine óga a fhorbairt sa Chultúrlann (Beart 6.10.1).

#### 9.1.2. Ról CSPTAM

Chomh maith le feidhmiú mar choiste stiúrtha don phróiseas pleanála teanga sa LPT le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean teanga (Beart 6.2.1), beidh CSPTAM freagrach as:

- Cruinnithe rialta (Beart 6.3.1) a reáchtáil idir bainistíocht an naíonra, na mbunscoileanna agus na meánscoile; agus
- Comhoibriú le coistí pleanála teanga eile chun a chinntíú go mbeidh tacaíocht ar fáil do na pleananna teanga ó Chomhairle Contae Dhún na nGall (Beart 6.7.3).

#### 9.1.3. Ról na Ceanneagraíochta i gcomhar leis an hOifigigh Pleanála Teanga

Cé gurb iad na hOPTanna a bheidh mar phríomhúinéirí ar fhormhór na mbeart sa phlean teanga, beidh sé de dhualgas ar an cheanneagraíocht tacú le hobair na nOPTanna agus comhoibriú leo chun:

- Struchtúr comhpháirtíochta a bhunú;
- Plean Teanga an LPT a sheoladh;
- Plean Teanga an LPT a chur i bhfeidhm;
- Dea-shampla agus dea-chleachtas a léiriú agus a chur i bhfeidhm i leith bhearta an phlean teanga;
- Cuidiú praiticiúil a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus do chomhlachtaí áitiúla ar mhaith leo polasaí teanga nó plean teanga a ullmhú agus a feidhmiú;
- Dea-chleachtas a fheidhmiú in ionaid oibre a bhfuil baint ag an cheanneagraíocht leo;
- Tabhairt faoin fheachtas feasachta teanga a ndéantar cur síos air i mír 8 thus; agus
- Tacaíocht a chur ar fáil d'fheachtas stocaireachta a bhaineann le cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

## **9.2. Monatóireacht**

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar bhearta an phlean teanga agus ar éifeacht na mbeart tríd an struchtúr atá leagtha síos faoi Bhearta 6.2.1 agus 6.2.3. Tionólfar cruinnithe rialta ina mbaileofar aiseolais ó pháirtithe leasmhara faoi éifeacht na ngníomhaíochtaí sna réimsí éagsúla. Déanfar leasuithe ar na bearta nach bhfuil ag éirí leo de réir a chéile. Scrúdófar an leithdháileadh acmhainní chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an mbeidh na hacmhainní riachtanacha ar fail chun na bearta a chur i bhfeidhm ag teacht leis na hacmhainní a chuirtear ar fáil.

## Foinsí

*Acht na Gaeltachta, 2012* (Ar fáil ag: <http://acts.oireachtas.ie/>).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014a. *CNA120: Population of Inhabited Islands Off the Coast by Sex, Islands by Electoral Division and Census Year* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag:

<http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Statire>SelectVarVal/Define.asp?maintable=CD120&Plangauge=0>. (Léite 2 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014b. *CNA17: Population by Off Shore Island, Sex and Year* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag:

<http://www.cso.ie/px/pxeirestat/Statire>SelectVarVal/Define.asp?Maintable=CNA17&Plangauge=0>. (Léite 2 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2014c. *Electoral Division Árainn Mhór (CSO Area Code ED 33040) (Census2011)* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.aspx?Geog\\_Type=ED&Geog\\_Code=33040&CTY=33](http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.aspx?Geog_Type=ED&Geog_Code=33040&CTY=33). (Léite 2 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017a. *2002 Census Small Area Population Statistics (SAPS)* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://www.cso.ie/en/census/census20062002and1996/2002censussmallareapopulationstatisticsaps/>. (Léite 3 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017b. *Average Age of Mother Classification by Marital Status* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://www.cso.ie/multiquicktables/quickTables.aspx?id=vsa17>. (Léite 2 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017c. *Census 2016 Sapmap Area: Limistéir Pleanála Teanga Árainn Mhór* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: [http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog\\_Type=LPT2012&Geog\\_Code=8FFB448C-FFCC-4FF0-B967-0DAB6AA1E28F#SAPMAP\\_T1\\_100](http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=8FFB448C-FFCC-4FF0-B967-0DAB6AA1E28F#SAPMAP_T1_100). (Léite 2 Deireadh Fómhair 2017).

An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017d. *Electoral Division – Árainn Mhór (Census 2006)* [ar líne]. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Ar fáil ag: <http://census.cso.ie/sapmap2006/>. (Léite 3 Deireadh Fómhair 2017).

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2017. *Oileáin mhara a bhfuil cónaí orthu* [ar líne]. Na Forbacha: An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fáil ag: <http://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/islands/populated-off-shore-islands/>. (Léite 25 Meán Fómhair 2017).

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2016. *Treoirlínte Pleanála Teanga: Eagrán 3*. Na Forbacha: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2016. *Aran Island (Donegal) Cliffs SAC (site code: 000111): Conservation objectives supporting document – Coastal habitats* [Leagan 1]. Baile Átha Cliath: An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Comhairle Contae Dhún na nGall, 2017. *Natura2000 Sites* [ar líne]. Dún na nGall: Comhairle Contae Dhún na nGall. Ar fáil ag:  
<http://donegal.maps.arcgis.com/apps/Viewer/index.html?appid=7a81ba62e98649218d35c76f55182f0f>. (Léite 25 Meán Fómhair 2017).

Curtis, T.G.F. agus McGough, H.N., 1998. *The Irish Red Data Book 1: Vascular Plants*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Edwards, V. Agus Newcombe, L. P., 2005. 'When School is Not Enough: New Initiatives in Intergenerational Language Transmission in Wales'. I: *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 8 (4), 298-312.

Google Maps, 2017. *Árainn Mhór, N 54°59'30" W 8°31'31"* [ar líne]. Ar fáil ag: <https://www.google.ie/maps/@54.9922005,-8.5222284,10173m/data=!3m1!1e3?hl=en>. (Léite 25 Meán Fómhair 2017).

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O'Brien, M., 2007. *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhtháital agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 2017. *Logainm.ie: Fo-aonaid de chuid: Dún na nGall* [ar líne]. Ar fáil ag: <https://www.logainm.ie/ga/s?txt=in%3a100013&cat=BF&pag=-1&ord=ga>. (Léite 25 Meán Fómhair 2017).

## **Aguisín I**

Sleamhnáin a úsáideadh ag seisiún eolais faoin phróiseas pleanála teanga a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta ar an 3 Márta 2015.

## PRÓISEAS NA PLEANÁLA TEANGA

An Cultúrlann,  
Fáil an Ghabhann  
Árainn Mhór

03 Márt 2015

Séamas Ó Gallachóir  
Donnchadh Ó Baoill

### Staid reatha Theangacha na Cruinne

- Circa 6,500 teanga á labhairt.
- Tuarascáil UNESCO, *Un Mundo Nuevo*(2000)
- 50 % de theangacha na cruinne marbh roimh dheireadh 2099.
- 50% de theangacha na hEorpa marbh roimh dheireadh 2099.
- "gur bochtainiú dùinn uilig bás teanga mar gurb é an gniomh deimeach é go minic de bhealach saoil atá á chur ar ceal"

### Lorg an Choilíneachais

- "Economic and political control can never be complete or effective without mental control. The domination of a peoples' language by the language of the colonising nations was crucial to the domination of the mental universe of the colonised" - Ngugi *Decolonising the Mind* (1986)

### Brú ó mhórtheanga an Bhéarla

- Thug an teangeolaí Albanach April M. S. McMahon fací ndeara an iompar teanga céanna seo ar siúl i measc cainteoirí Gaidhlig in Oirthear Chathaidh na hAlbna a luithe is a thagadh cainteoir Béarla amháin i láthair ina lúb cruinntíthe:
- 'Even a large group of bilinguals speaking Gaelic will defer linguistically to an English monolingual who joins the conversation by switching to English'. Tomás Mac Siomón (2005)

### An Phleanáil Teanga

- Sainmhiniú:
  - 1. "Gníomhaiochtai eagraithe a théann i ngleic le fadhbanna teanga." - Ó Riain, 1994, *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*
  - 2. "Gníomhaiochtai meáite a chuirtear i bhfeidhm chun todhcháit teanga agus iompar teanga lucht a labhartha a athrú nó a chur ar mhalairt sli" - Ó hUífearnaim- *An Phleanáil Teanga agus an Beartas Teanga*.

### Cur Chuige Comhtháite

- "Bíonn toradh fiuntach ar phleanáil teanga má bhíonn ranpháirtiocht idir an státhóras agus an pobal áitiúil don chuspóir sin" Ó Riain(1994).
- 'Ní féidir le Stát dá fheabhas pleanáil stádas na teanga a dhéanamh go héifeachtach ina onar. Prionsabal é sin atá bunaíthe ar thaithí agus ar staidéar na pleanála teanga. Is fearr i bhfad a érionn leis an bpleanáil teanga a déantar i gcomhar le heagraíochtaí an phobail'. Ó Riain(1994)

### Nasc idir Forbairt Pobail agus Teanga.

- "Má dhéantar do theanga a athbheochan, tá deis níos fearr agat do phobal a athbheochan"
- Cúrsaí forbartha pobail agus cúrsaí teanga fíreann ina chéile"

### Sir Iain Noble



### An Próiseas Pleanála Teanga

- 26 Limistéar Pleanála Teanga
- Deis ag eagraiochtai pobail iarratas a chur chuig Udarás na Gaeltachta le plein teanga comhtháite a ullmhú don limistéar.
- An tÚdarás freagrach as ceanneagraiocht Pleanála Teanga a roghnú in achan limistéar.
- Beidh tréimhse suas le dhá bliain ag na heagraíochtaí a roghnófar le plein teanga a ullmhú

## An Próiseas Pleanála Teanga

- Déanfaidh an REO&G na pleananna teanga a mheas agus déanfaidh an tAire iad a fhaomhadh & aithneofar na limistéir mar LPT Gaeltachta.
- Tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí le pleananna teanga a chur i bhfeidhm.
- Déanfaidh an REO & G athbhreithniú tréimhsíúil ar fheidhmiú na bpleananna teanga.

## An Próiseas Pleanála Teanga

- Cur chuige comhtháite.
- Beidh na ceannagraíochtaí a roghnófar ag comhoibriú le struchtúir pobail a bhfuil ról lárnach acu i gcaomhnú agus i neartú na Gaeilge eg, CNNG Teo., na hIonaid Chúramh Leanaí, Muintearas, Óige na Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta Teo, Ionaid Seirbhísí Teanga, coisti forbartha

## PLEANÁIL TEANGA – BUANÚ AGUS AG NEARTÚ NA GAEILGE SA PHOBAL



Donnchadh Ó Baoill

### Cайдé a ba chóir dúinn a dhul ina cheann

- Cumas
- Dearcadh
- Deisceanna – spás poiblí
- Treoir shamplach



- *In the life history of a language, attitude may be crucial. In language growth or decay, restoration or destruction, attitude may be central.*
- *Baker, 1988:112*

## An Próiseas Pleanála Teanga.

- Beidh cuidiú ar fáil ag na ceann-eagraíochtaí ón Údarás le Pleananna Teanga a fheidhmiú
- Is é cuspóir an phlean teanga ná cur le húsáid na Gaeilge chomh fada is a bhaineann sé le cúrsáid teaghlacha, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí.

- Go raibh maith agaibh

## Pleanáil Teanga – ag buanú agus ag neartú na Gaeilge sa phobal

- Príomhchuspóir an Údarás
- Ionchur na bPobal
- Obair Dhúshláinach
- Díriú ar chúpla réimse
- Pleananna - treoir



## An Taighde & Anailís

- Buneolas le chéile
- Cá háit, cé, cé leis agus cá huair?
- An Fhorbairt Phobail
- Seirbhísí Tacaíochtaí
- Monatóireacht & righneas



Ó Gháim go Giúin

## Plean ar leith don oiléan

- There is no one-size fits-all solution for revitalisation and preservation... Every group must decide what can best be done realistically for a particular language at a particular time  
*Romaine, S., Preserving Endangered Languages(2007:122)*

## An Phleanáil

*" Threatened languages are frequently surrounded not so much by hostile outsiders as by unsympathetic insiders"*

*Fishman(1997:83)*



## An Phleanáil

- Ó bhun anfós
- Oiread gníomhach & is féidir
- "a near total reliance on higher order props" - ní oibrionn sé




## Sprioc Phearsanta

- Smacht
- Muinin
- Tiománta



Go raibh maith agaibh.



## Aguisín II

Cóip den nuachtlitir dhátheangach a scaipeadh ar phobal an LPT i mí Eanáir 2016.



Nuachtlitir Pleanáil Teanga  
Language Planning Newsletter

Eag 1 Ean/Fea 2016

### Pleanáil Teanga

Oileán Árainn Mhór

**1 Cad é go díreach atá i gceist le Pleanáil Teanga?**

Is éard atá i gceist ná beartais a cuirfear ar bun chun an teanga a láidriú ar an oileán.

**2 Cé a bheidh páirteach sa Phleanáil Teanga?**

I Limistéir Pleanála Teanga Árainn Mhór :

- (a) Ceapadh Comharchumann Árainn Mhór ina Cheanneagraíocht & tá coiste stiúrtha/oibre ceaptha ar a bhfuil daoine aonarach & ionadaithe ó eagrais pobail agus príobháideacha an oileáin ag freastal air.
- (b) An pobal & eagraíochtaí an oileáin

**3 Cén uair a bheidh an pleán ullmhaithe?**

Tá tréimhse dhá bliain i gceist chun pleán teanga a chur le chéile.  
Caithfear an pleán a aontú leis an Aire

Ina dhiaidh sin, nuair a glacfar leis an phlean, beidh tréimhse seacht mbliana chun aidhmeanna an phlean a chur i gcrích.

**Achoimre ar an Phróiseas ar Árainn Mhór go dáta**

Bille na Gaeltachta 2012 foilsithe	Meitheamh 2012
Acht na Gaeltachta Sínithe in dhlí ag an Uachtaráin Micheál D Ó hUiginn	25 Iúil 2012
26 Limistéir Pleanála Teanga & Mapaí foghraithe ag an Roinn Ealaón Oidhreachta & Gaeltachta (Árainn Mhór ar cheann acu)	Bealtaine 2013




Litreacha eolais (x2) faoi Acht na Gaeltachta seolta chuig teaghlaigh an oiléain agus léirithe suime á lorg uathu i dtaca le rannpháirtíocht sa phróiseas pleanála teanga	Shínigh 285 duine an cháipéis tacaíochta (55.4% bunaithe ar dhaonáireamh 2011)
Seisiún Eolais do thuismitheoirí srl faoin phróiseas pleanála teanga	Samhain 2014
Litr eolais seolta chuig eagraíochtaí uile an oiléain – scoileanna, eagraíochtaí pobail, Eaglais, lucht gnó & turasóireachta chun ainmniúcháin/ionadaithe á lorg do choiste oibre/stiúrtha na pleanála teanga	Samhain 2014
Chéad chruinniú den bhord stiúrtha na pleanála teanga	Feabhra 2015
Limistéir Pleanála Teanga Árainn Mhór foghraithe go hoifigiúil ag an Aire	20 Feabhra 2015
ÚnG ar cuairt chun seisiún eolais a reáchtáil don phobal	3 Márt 2015
Léirithe suime seolta chuig Údarás na Gaeltachta ag cur in iúl go raibh suim ag pobal an oiléain Plean Teanga a ullmhú faoi Acht na Gaeltachta 2012	Aibreán 2015
Litr ó Údarás ag cur in iúl go raibh an t-iarratas a mheas acu	29 Aibreán 2015
Comhaontú sínithe	Iúil 2015
Fógra go raibh maoiniú €25000.00 ar fáil le haghaidh na pleanála teanga. Comhairle chun cuntas bainc nua a oscailt	Iúil 2015
Cruinníú coiste stiúrtha: Clár: Leagan amach plean teanga, polasaithe teanga samplacha, suirbhéanna teanga samplacha, mórf sprioc a aontú m.sh % faoi leith ag labhairt Gaeilge go laethúil faoin bhliain___? An chéad céim eile.	17 Samhain 2015

***Staid Stairiúil agus Staid Reatha na Gaeilge: Árainn Mhór******Staitisticí & Féinmheasúnú:***

Bliaín	Toradh	Foinse
1992	86% líofa sa Ghaeilge	Suirbhé socheacnamaíocha teaghlaigh
2002	62.8% ina cainteoirí Gaeilge	Daonáireamh 2002
2006	55% líofa sa Ghaeilge	Suirbhé socheacnamaíocha teaghlaigh
2007	62.760% cainteoirí laethúla Gaeilge	Bunaithe ar Daonáireamh 2002 & Scéim Labhairt na Gaeilge
2011	53.79% ( 234) Cainteoirí laethúla Gaeilge	Daonáireamh 2011
2016 - An chéad daonáireamh eile		

***Daonáireamh 2011-Cainteoirí Gaeilge laethúla an lae inniu:***

Gaeilge sa chóras oideachais amháin	57	13.10%
Sa chóras oideachais & taobh amuigh de	57	13.10%
Taobh amuigh den chóras oideachais gach lá	177	40.69%
Taobh amuigh den chóras oideachais gach seachtaein	57	13.10%
Taobh amuigh den chóras oideachais –fior annamh	70	16.09%
Taobh amuigh den chóras oideachais –ní labhraitear Gaeilge	9	2.07%
Taobh amuigh den chóras oideachais gan freagra	8	1.84%
Iomlán	435	



**Ag aimsiú cainteoirí laethúla Gaeilge sa todhchaí?**

50% (57) de lucht fhreastail na scoileanna a labhraíonn Gaeilge taobh amuigh den scoil agus an líon céanna nach labhraíonn Gaeilge taobh amuigh den scoil.

Cainteoirí laethúla don chuid is mó, is daoine iad atá ag dul anonn in aois. (40.69% = 177)

**Tacaíochtaí áitiúla don Ghaeilge:**

Áiteanna/Aiseanna áitiúla a dtacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge

- Teaghlaigh dhátheangach
- Cainteoirí Laethúla Gaeilge
- Naíonra Árainn Mhór
- Scoil 1 Árainn Mhór
- Scoil 2 Árainn Mhór
- Gairmscoil Mhic Diarmada
- Coláiste Samhraidh Árainn Mhór
- Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta
- Seirbhísí trí Ghaeilge sna heagraíochtaí áitiúla

**Mianta an Phobail i leith an Phróiseas Pleanála Teanga**

Seoladh litreacha eolais (x 2) chuig gach líon tí ar an oileán, ina raibh cur síos déanta faoin Bhille Ghaeltacha sular achtaíodh Acht na Gaeltachta 2012. Bhí léirithe suime iarrtha ón phobal i dtaca le rannpháirtíocht sa phróiseas pleanála teanga tríd foirm léirithe spéise a shíniú. Shínigh 285 duine an fhoirm. (55.4%)



### ***Bunadh Coiste Oibre/Stiúrtha Pleanála Teanga***

Seoladh litir chuig eagraíochtaí/scoileanna/Eaglais an oiléain chun cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach sa phróiseas, tríd duine nó beirt ón eagraíocht/bord a hainmniú chun freastal ar choiste stiúrtha/oibre pleanála teanga. Tá an coiste stiúrtha bunaithe le hionadaíocht air ó na heagraíochtaí a leanas. Bhí an chéad chruinníú ag an choiste stiúrtha ar an 10 Feabhra 2015.

#### **Rannpháirtithe**

Bun Scoileanna & Tuismitheoirí

Naónra & Tuismitheoirí

Meánscoil & Tuismitheoirí

Grúpaí /Eagraíochtaí Pobail

Lucht Gnó

Eaglais

Coláiste Samhraidh/Mná Tí

Cumann Peil

CLG

Banna Píob

Cumann na nGascairí

---

#### **Cad a dtig liomsa agus leatsa a dhéanamh?**

Baineann teanga labhartha a roghnaíonn an duine leis an duine go phearsanta. Gan tacáiocht agus rannpháirtíocht ón phobal chun an Ghaeilge a choinneáil ina theanga bheo ar an oiléan, leanfar de réir a chéile le creimeadh na Gaeilge. Ní leor polasaithe nó pleananna teanga chun aidhmeanna teanga a bhaint amach. Ní oibríodh polasaithe agus pleananna gan ghníomhachtaí agus rannpháirtíocht ón phobal. Más mian leis an phobal an Ghaeilge a choinneáil beo, caithfidh an pobal úsáid a bhaint aistí. Mar sin, caithfear í a labhairt.



**Beartais Tacaíochta Samplacha don duine aonair/phobal**

Rogha a dhéanamh níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile agus lasmuigh de

Páistí a thógáil le Gaeilge

Tacaíocht a thabhairt do pholasaithe teanga eagraíochtaí áitiúla m.sh naónra, scoileanna áitiúla, coláiste samhraidh, eagraíochtaí pobail

Freastal ar chúrsaí Gaeilge

Éileamh a dhéanamh ar sheirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge

**Beartais Tacaíochta Samplacha d'Eagrais Pobail/Príobháideacha**

Íomhá/feiceálacht na Gaeilge a neartú san eagraíocht agus go ghinearálta sa cheantar/suíomh idirlíon/fógraíocht /cruinnithe trí Ghaeilge

Comharthaíocht san eagraíocht/stáiseanóireacht i nGaeilge nó go dhátheangach

Seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar & fógairet a dhéanamh go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil.

An Ghaeilge a bheith ina theanga réamhshocruithe i d'eagraíocht, mar sampla, beannú do chustaiméiri i nGaeilge, fón a fhreagairt i nGaeilge.

Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobal eile lena mbeartais teanga

Imeachtaí Gaeilge a reáchtáil ar bhunús rialta

Tacaíochtaí teanga do bhaill foirne nach bhfuil líofacht sa Ghaeilge bainte amach acu. M.sh freastal ar chúrsaí Gaeilge

**An Chéad Chéim Eile – Cén sprioc atá againn don Ghaeilge ar an oiléán?**

Dé réir daonáireamh 2011, labhraíonn 53.79% den phobal an Ghaeilge go laethúil. Chun lín na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil a ardú, caithfear tógáil a dhéanamh ar an chéatadán seo. Caithfear mór sprioc amháin a aontú do phlean teanga an oiléain. Mar shampla,



**'Ba mhaith le pobal Árainn Mhór agus eagraíochtaí pobal an oileáin,  
úsáid laethúil na Gaeilge a mhéadú de réir a chéile ó 53.79% go**

**60%, 65%, 70%, thar thréimhse 7 mbliana.'**

Beidh mór sprioc an oileáin ó thaobh na pleanála teanga faoi chaibidil ag coiste  
stiúrtha na pleanála teanga ag an chéad chruinniú eile.

Cuirfear fáilte roimh ionchur ón phobal i dtaca le pleanáil teanga ar Árainn  
Mhór.

Tuilleadh Eolais:

Déan Teagmháil:

Coiste Oibre na Pleanála Teanga,

Árainn Mhór

074 9520533

Baill an choiste stiúrtha:

Seamus Ó Baoill, Louise Uí Bhaoill, Sharon Uí Dhónaill, Máire Bn Uí Ghallachóir,  
Máire Bn Uí Dhochartaigh, Siobhan Uí Chnáimhsí, Donnchadh Ó Dómhnaill,  
Elaine Uí Ghallachóir, Seamús Ó Cnáimhsí, Róise Uí Dhúiliún, Sorcha Uí  
Bhradaigh, Proinsias Ó Cnáimhsí, Niall Ó Caomhanach, Gearóid Ó Luathairí,  
Manás Ó Luathairí, Noirín Uí Mhaoldomhnaigh, Anne Marie Mhig Ruairí,  
Daniella Uí Fhearraigh, Caragh Nic Ghabhann, Erin Nic Eachmharcaigh, Marina  
Uí Bhaoill, Clara Ní Mhurchú, Éadaoin Ní Ghallachóir, Raonaid Ní Luathairí,  
Marian Uí Chuinn

An Ghaeilge!

Seod luachmhar ár sinsear!

Is leatsa & is liomsa í.

Ní trom an t-ualach é, í a iompar!



### **1 What exactly is meant by Language Planning?**

The aim of Language Planning is to put policies in place to strengthen the use of Irish on the island.

### **2 Who will participate in Language Planning?**

In the Language Planning Area of Árainn Mhór:

- (a) Comharchumann Árainn Mhór has been appointed lead organisation in association with a steering committee / working group, made up of individuals, and representatives of private and community organizations on the island.
- (b) The community of Árainn Mhór and island organizations

### **3 When will the plan be prepared?**

A period of two years has been allocated to draw up the plan. The plan must be approved by the Minister.

Following the acceptance of the plan, there will be a period of seven years to accomplish the aims of the plan.

#### **Summary of the Process on Árainn Mhór to date:**

Gaeltacht Bill 2012 published	June 2012
Gaeltacht Act Signed in law by President Michael D Higgins	25 July 2012
26 Language Planning Areas & Maps announced by the Department of Arts, Heritage and Gaeltacht (Árainn Mhór listed as one of 26)	May 2013



Nuachtílir Pleanáil Teanga Language Planning Newsletter		Eag 1 Ean/Fea 2016
Information letters (x2) sent to households containing information about Gaeltacht Act. Expressions of interest sought from community regarding support for language planning.	Support document signed by 285 (55.4% of the community, based on the 2011 census)	
Information Session for parents about language planning process	November 2014	
Information letter sent to island organisations - schools, community organisations, church, business & tourism / representatives seeking nominations for representatives to serve on the language planning working/steering committee	November 2014	
First meeting of the steering/working committee	February 2015	
Árainn Mhór officially announced by the Minister as a Language Planning Area	20 February 2015	
Visit of representatives of Údarás na Gaeltachta to host language planning session for community	3 March 2015	
Expressions of interest/application sent to Údarás na Gaeltachta indicating Árainn Mhór's interest in preparing a language plan in accordance with The Gaeltacht Act 2012	April 2015	
Acknowledgment of application received from ÚnG – application under consideration by Údarás	29 April 2015	
Contractual agreement received from Údarás and signed	July 2015	
Notice received of funding of €25,000 for language planning. New bank account to be opened	July 2015	
Steering committee meeting: Program: Layout of a language plan, sample language policies, sample	17 November 2015	

language surveys, target to be agreed- ie specific % of daily Irish speakers by \_\_\_\_\_ year? The next steps.

### Historical and Current Situation re Irish: Árainn Mhór

#### **Statistics & Self Assessment:**

Year	Result	Source
1992	86% fluent	socio-economic survey
2002	62.8% regular speakers	2002 Census
2006	55% fluent	socio-economic survey
2007	62.760% daily Irish speakers	Based on the 2002 Census and Irish Language Scheme (na puntáí)
2011	53.79% (234) Daily Irish Speakers	2011 Census
2016- The next census?		

#### 2011 Census-Current Irish speakers:

Speak Irish in education system only	57 13.10%
Speak Irish in education and outside of education system	57 13.10%
Outside of education - daily	177 40.69%
Outside of education - weekly	57 13.10%
Outside of education - seldom	70 16.09%
Outside of education – no Irish spoken	9 2.07%
	8 1.84%
Total participants	435



**Identifying daily Irish speakers in the future?**

50% (57) of those attending the schools speak Irish outside school hours and the same number do not speak Irish outside school hours.

The majority of everyday speakers belong to the third generation and above (40.69% = 177)

**Current Irish Language supports on the island:**

- Bilingual Families
- Daily Irish Speakers
- Naónra
- Scoil 1
- Scoil 2
- Gairmscoil Mhic Diarmada
- Coláiste Árainn Mhór
- Courses for adults
- Irish language services in local community/private organisations

***Community views regarding Irish Language Planning Process***

All island households were in receipt of information letters (x2) containing information regarding the implications of the Gaeltacht Bill prior to the enactment of the Gaeltacht Act 2012. Expressions of interest were invited from the public to demonstrate their willingness to participate in the language planning process, by means of signing an expressions of interest form. The expressions of interest form was signed by 285 individuals (55.4%)

***Establishment of Language Working/Steering Committee***

Private and community organisations / schools / Church were invited to participate in the language planning process, by means of nomination one or two members of their organisation to serve on the language planning steering/working committee. The steering committee has been established with representatives from the following organisations. The first meeting of the steering committee took place on 10 February 2015.

**Participants**

Scoil 1 & Scoil 2 & parents  
Naónra & Parents  
Gairmscoil Mhic Diarmada & Parents  
Community Organisations/Community Groups  
Private Business/Enterprise  
Church  
Coláiste Samhraidh & Mná Tí  
Football Club  
GAA  
Pipe Band  
Fishermen

***What can you and I do?***

It is for an individual to decide, the languages he/she wishes to use. But without the support and participation of the community to retain the Irish language as a living language on the island, the gradual decline of the Irish language will continue. Language policies and plans by themselves will not achieve the aims we may have for the Irish language. Policies and plans will do nothing without interventions and community involvement. If Árainn Mhór

wants to retain the Irish language, the language must be spoken within the community.

***Examples of supports individuals/community can provide***

Speak more Irish within the home and outside of it

Raise children with Irish

Support language policies of local organisations eg naónra, schools, Coláiste Samhraidh, community organisations.

Attend Irish courses

Make use of services that are available through Irish

***Examples of supports Community & Private Organisations can provide***

Increase the visibility and imagery of Irish in the organisation and in the locality generally / on internet sites / advertising & stationery/ meetings in Irish

Organisation signage/ Irish or bilingual stationery

Providing service through Irish and advertise that services through Irish are available.

Use Irish as the default language in your organisation, for example, greet customers in Irish, answer phone in Irish.

Support language policies of other community organisations

Organise regular Irish language events

Provide supports for staff who are not proficient in the language. Eg Offer encouragement to attend language courses

***Next Step - What is our aim for Irish on the island?***

According the 2011 census, 53.79% of the population speak Irish on a daily basis. In order to increase the number of daily Irish speakers, it will be necessary to increase this percentage. One main aim must be agreed for the island's language plan for the Irish language. For example,

14

Nuachtliitir Pleanáil Teanga  
Language Planning Newsletter

Eag 1 Ean/Fea 2016

'The Árainn Mhór community and community organisations of Árainn Mhór aim to gradually increase the daily usage of the Irish Language from 53.79% to

60% ?, 65 %, 70% ?,% over 7 years.'

The main aim in terms of language planning will be discussed at the next meeting of the language steering committee.

We welcome input from members of the community regarding language planning on Árainn Mhór.

More information:

Contacts:

Language Planning Working Committee

Árainn Mhór

074 9520533

Baill an choiste stiúrtha:

Seamus Ó Baoill, Louise Uí Bhaoill, Sharon Uí Dhónaill, Máire Bn Uí Ghallachóir, Máire Bn Uí Dhochartaigh, Siobhan Uí Chnáimhsí, Donnchadh Ó Dómhnaill, Elaine Uí Ghallachóir, Seamús Ó Cnáimhsí, Róise Uí Dhuliún, Sorcha Uí Bhradaigh, Proinsias Ó Cnáimhsí, Niall Ó Caomhanach, Gearóid Ó Luathairí, Manás Ó Luathairí, Noirín Uí Mhaoldomhnaigh, Anne Marie Mhig Ruairí, Daniella Uí Fhearraigh, Caragh Nic Ghabhann, Erin Nic Eachmharcaigh, Marina Uí Bhaoill, Clara Ní Mhurchú, Éadaoin Ní Ghallachóir, Raonaid Ní Luathairí, Marian Uí Chuinn

*An Ghaeilge!*

*Irish!*

*Seod luachmhar ár sinsear!*

*Prized Jewel of our ancestors!*

*Is liomsa & is leatsa í!*

*She belongs to you & she belongs to me!*

*Ní trom an t-ualach é, í a iompar!*

*She is not a heavy burden to carry!*

## Aguisín III

# A Summary of the Language Plan for the Language Planning Area of Árainn Mhór

### Context

In response to research which showed that Irish was in serious decline as a community and family language in the Gaeltacht, the Gaeltacht Act 2012 was signed into law on the 25th July 2012. Under this act, the Gaeltacht was divided into 26 Language Planning Areas (LPTs), each of which was tasked with writing a language plan with the aim of strengthening Irish as a community language in that area over a seven-year period. LPT Árainn Mhór is one of eight LPTs in the Donegal Gaeltacht.

### Background

In May 2015 Comharchumann Árainn Mhór Teo was appointed the lead organisation in LPT Árainn Mhór. The Comharchumann then put together a steering committee, Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Árainn Mhór (CSPTAM), which would be responsible for steering the language planning process in the LPT and preparing the language plan. CSPTAM initially had six members: Marian Uí Chuinn, Sharon Uí Dhónaill, Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh, Louise Uí Bhaoill, Sally Uí Bhreadaidh and Elaine Uí Ghallachóir. Additional members joined the committee during the course of the development of the language plan which increased the membership to 13 and included Máire Bn Uí Dhochartaigh, Anne-Marie Mhic Ruairí, Daniella Uí Fearraigh, Niall Ó Caomhánach, Tomás Ó Coisdealbha, Donnchadh Ó Domhnaill and Fr. Liam Ó Baoill

### The Language Planning Area of Árainn Mhór

Árainn Mhór is situated five kilometres off the northwest coast of Donegal and is accessible by ferry. It is the largest island in Donegal in terms of both area and population. According to 2016 Census, the island had a population of 469 people, although CSO figures show that this population has been steadily decreasing over the last 20 years.

### The Irish Language

Census figures show that the number and percentage of islanders with Irish-language ability has fallen over the last 15 years, from 467 people or 88.3% of the population ( $\geq 3$  years) in 2002 to 400 people or 86.2% of the population ( $\geq 3$  years) in 2016. Not everyone who can speak Irish is an active Irish speaker, however. In the 2016 Census, only 47.2% of the island's population ( $\geq 3$  years) or 54.8% of those who reported to have some Irish-language ability claimed to speak Irish on a daily basis.

### The Education System

There are two primary schools in Árainn Mhór, both of which provide Irish-medium education and are applying for Gaeltacht school status under the Policy on Gaeltacht Education 2017-2022. The post-primary school, Gairmscoil Mhic Diarmada, is primary English-medium, although an Irish-language stream was established in 2008 due to demand from parents. Gairmscoil Mhic Diarmada is hoping to be granted status as a Gaeltacht School under the new policy despite the fact that only a minority of students (c.18.0% for 2017/18) are receiving Irish-medium education.

Naónra Árainn Mhór provides Irish-medium early education services on the island.

### Preparing the Language Plan

Since being appointed lead organisation, Comharchumann Árainn Mhór Teo has run various awareness campaigns to keep the community informed on developments in the language planning process and to encourage members of the community to participate on CSPTAM and in the research project which was undertaken as part of the process.

A research project was undertaken in 2016 and 255 people (54.4% of the population of the LPT) participated by answering questionnaires.

### Research Results

While the results of this research show a positive attitude towards the Irish language in general amongst the community of Árainn Mhór, the statistics regarding Irish-language ability show a clearer picture than those returned in the 2016 Census: in the research undertaken by CSPTAM, respondents were asked not only if they could speak Irish but to indicate their level of Irish-language ability as well. In this research, only 54.0% of adults and 40.9% of young people ( $\leq 18$  years) claimed to have native or fluent Irish.

Regarding language practice, 64.0% of adults and only 18.8% of young people claim that they speak Irish on a daily basis.

### Summary of Measures included in the Language Plan

The following is a summary of the measures included in the language plan. Measures are categorised under the following headings:

- Implementation of the Language Plan;
- The Education System (including early educational services);
- Childcare, Nursery and Family Support Services, including language support services;
- Services for Young People and other Age Groups;
- Learning Opportunities outside the Education System;
- The Business Sector, Public Organisations and Comharchumainn;
- The Media;
- Public Services;
- Physical Planning and Development;
- Social and Recreational Services.

## Implementation of the Language Plan

### Measure 6.3.1: Implementation of the Language Plan

Objective	Description
